





Clár		
1	Réamhrá An Dr. Alan Wall, PF	4
2	Litir ón gCathaoirleach, An tUas. Michael Horgan	5
3	Key Higher Education Data 2019	8
4	Feidhmíocht ÚAO 2019	9
a	Rialachas Institiúideach, Ceannaireacht agus Barr Feabhais Oibríochta	10
b	Maoiniú, Inbhuanaitheacht agus Feidhmíocht	10
c	Fianaise, Polasaí agus Pleanáil Straitéiseach	11
d	Claochlú Digiteach	12
e	Caighdeán agus Barr Feabhais Acadúil	12
f	Cothromas Rochtana	13
g	Scileanna, Infhostaitheacht agus Rannpháirtíocht	14
h	ÚAO mar Sháreagraíocht	15
5	Rialachas Corparáideach	17
6	Ráiteas Airgeadais	21
7	Eolas Breise	52

Réamhrá

An Dr. Alan Wall, PF



Bhí ríméad orm tosú ag obair leis an Údarás um Ard-Oideachas go déanach in 2019 i ról an Phríomhfheidhmeannaigh nua. Is eagrais é a oibríonn go crua chun tacú le beagnach ceathrú milliúin mac léinn, á dtabhairt isteach san ardoideachas agus á stiúradh tríd agus níos faide chun cinn. Tá tionchar dearfach ag an ardoideachas agus ag taighde ar shaol bhunús an daonra; bíodh sé trí rannpháirtíocht dhíreach nó trí smaointe agus saineolas a ghineann mic léinn agus baill foirne inár gcuid ollscoileanna agus coláistí.

Tá súil agam gur úsáideach leat an tuarascáil seo chun ár gcroíghníomhaíochtaí in 2019 a athbhreithniú agus ár ráitis airgeadais a bhreithniú.

Bhí tús maith le 2020 ach ansin cuireadh cor i gcúrsaí nach raibh súil leis ar theacht phaindéim Covid-19. Chuaigh sé seo i bhfeidhm ar shaol gach duine agus ar an iomad codanna den tsochaí agus den gheilleagar. Tá an ÚAO ag leanúint den chomhoibriú dlúth le gach duine san earnáil ardoideachais chun tabhairt faoi na dúshláin atá romhainn agus iad a shárú. Tá ag éirí go maith lenár n-institiúidí go dtí seo; ag croí an scéil go fóill i ngnó an ÚAO tá na mic léinn agus na heispéiris a bhíonn acu.


Tá mé ag tnúth le bheith i gceannas ar an ÚAO agus ar an earnáil ardoideachais sna blianta atá romhainn. Is am dúshlánach é seo ach, lena chois sin, tá faill againn ar an athchóiriú agus ar an nua-aoisiú. Tá mé féin agus m'fhoireann réidh chun tabhairt faoin dúshlán seo.

Litir ón gCathaoirleach, An tUas. Michael Horgan

9ú Meán Fómhair 2020

**An tUas. Simon Harris TD,
An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta**

A Aire, a chara,



Is é mo phribhléid cóip de thuarascáil bhliantúil an ÚAO agus dá chuntais iniúchta 2019 a chur faoi do bhráid chun í a bhreithniú. Ar dtús ba mhaith liom tréaslú leat as do cheapachán mar Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Cuirimid an-fháilte roimh an gcinneadh Aire Sinsearach a bheith sa Chomh-Aireacht ar a bhfuil an cúram seo.

Anuraidh, thuairiscíomar sa cheathrú tuairisc ar Fheidhmíocht an Chórais Ardoideachais 2017/18 gur méadaíodh líon na n-áiteanna do mhic léinn chun riar ar an éileamh náisiúnta déimeagrafach. Shonraíomar gur ann do shlí nua iontrála trína leathnaítear rannpháirtíocht san ardoideachas agus gur ann d'áiteanna breise chun fás líon na mac léinn idirnáisiúnta a éascú.

Tá an fás seo riachtanach, ach leantar dá thoradh ar an mbrú ar ár gcóras ardoideachais óir níor mhéadaigh maoiniú ón Stát ag an ráta céanna. Mar gheall ar mhéadú líon na mac léinn idirnáisiúnta agus na táillí mac léinn a ghabhann leis, le cois bearta eile atá déanta ag IAOnna chun a bhfoinsí ioncaim a éagsúlú, tá cuid den bhearna sa mhaoiniú iata. Ní féidir é seo a chinntiú san am atá le teacht agus dá dheasca sin tá an inbhuanaitheacht i mbaol.

D'ainneoin na ndúshlán a bhí roimh an earnáil, áirítear le cuid de chroí-éachtaí 2019;

- Forfheidhmiú an Tionscnaimh Ceannaireacht Shinsearach Acadúil lenar dámhadh 20 post chun dul i ngleic le tearcionadaíocht inscne ag leibhéil shinsearacha.
- Rinneadh dul chun cinn ar bhunú dara hOllscoil Teicneolaíochta na hÉireann leis an gcinneadh i mí na Bealtaine Stádas Ollscoil Teicneolaíochta a bhronnadh ar an gCuibhreannas OT atá comhdhéanta d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.
- Leithdháileadh maoiniú €14.25m chun tacú le hathchóiriú an chórais ardoideachais agus le cothú comhghuaillíochtaí straitéiseacha, agus béim ar leith ar an dara ceann sa chomhthéacs Thuaidh-Theas iar-Bhreathimeachta agus ar bhraislí réigiúnacha trí thagairt do Thionscadal Éireann 2040 agus an Plean Forbartha Náisiúnta.
- Leithdháileadh maoiniú feidhmíochta €14.25m ar institiúidí ardoideachais, bunaithe ar an athbhreithniú ar chás-staidéir tionchair ar réimsí éagsúla de pholasaí tosaíochta náisiúnta amhail Athrú Aeráide, oideachas STEM agus Campais Shábháilte a Chothú do Chách.
- Thug an tOireachtas údarú do Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) cur síos air féin mar ollscoil sa Stát i mí na Nollag 2019, i ndiaidh don Aire Oideachais agus Scileanna dul i gcomhairle leis an ÚAO ar iarratas an RCSI.
- Ceapadh PF nua, an Dr. Alan Wall i nDeireadh Fómhair seo caite.

Sa bhliain atá romhainn, beimid rannpháirteach leat féin agus leis an Aire Niall Collins ar sholáthar roinnt croithionscnamh lena n-áirítear;

- Athoscailt institiúidí ardoideachais na hÉireann tar éis ionchur a bheith againn sna treoirlínte a d'eisigh do Roinn i mí Iúil seo caite.
- Forbairt an chéad Chreata Feidhmíocht Chórais eile, óir tagann an creat reatha chun críche in 2020.
- Forfheidhmiú leanúnach an Tionscnaimh Ceannaireacht Shinsearach Acadúil agus moltaí eile de chuid an Tascfhórsa ar Inscne.
- Méadú théarmaí tagartha Ionad Barr Feabhais um Chomhionannas Inscne an ÚAO a fhad le réimsí níos leithne Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe.
- Forfheidhmiú an Chreata Toilithe in IAOnna; Sábháilte, Measúil, Tacúil agus Dearfach; Deireadh a chur le Ciapadh Gnéis in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann
- Athbhreithniú lár téarma ar phlean straitéiseach ÚAO 2018-2022 agus dul chun cinn i dtreo an chéad phlean eile.
- Forfheidhmiú leanúnach croithionscnamh amhail Clár Lingchlár+, an Tionscnamh Caipitil Dhaonna agus ciste PATH.
- Athchóiriú leanúnach ar an gcóras AO, lena n-áirítear rannpháirtíocht leis na cuibhreannais atá ag obair i dtreo ainmniú OT agus bainistíocht an Chiste Claochlaithe Ollscoileanna €90m a d'fhógair an rialtas i gCáinainéis 2020 chun ollscoileanna teicneolaíocha a fhorbairt agus a thabhairt chun cinn.

Ar aon dul le Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, is mian liom tuairisciú leat ar chomhlíonadh an chóid ag an Údarás agus go sáiníúil ar na cúrsaí seo a leanas:

- Ní raibh aon imeacht ar cuid suntais tráchtála é le linn na tréimhse tuairiscithe. Mar sin féin, tá an tÚdarás ar an eolas faoi, agus ag freagairt go hiomlán do na cúinsí athraithe eacnamaíochta, go háirithe trí chur lena éifeachtacht ina chuid oibríochtaí féin.
- Ní raibh aon idirbheart airgeadais nach raibh ar an gclár comhardaithe.
- Deimhním go ndearnadh gach gnáthamh cuí tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taistil, soláthair agus diúscairt sócmhainní.
- Thar ceann an Údarais Ard-Oideachais, admhaím an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialú airgeadais inmheánach. Tá ráiteas ar an gcóras Rialuithe Inmheánacha cuimsithe i gcuntais airgeadais iniúchta an ÚAO 2019 agus tá teastas an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniata.
- Tá glactha ag an ÚAO in 2019 le cód athbhreithnithe iompar gnó do Chomhaltaí an Údarais agus dá fhostaithe.
- Rinne an Bord beart meastóireachta Bord seachtrach in 2019.
- Comhlíonann an ÚAO treoirlínte luach saothair rialtais maidir leis an PF agus a bhfostaithe.
- Tá táillí comhaltaí ar aon dul le rátaí atá ceadaithe ag an Roinn agus is amhlaidh freisin maidir le tuarastail agus liúntais a íoctar le baill foirne. Feidhmíonn an ÚAO ciorclán Duine Amháin, Tuarastal Amháin a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Níl aon imeacht iarchláir chomhardaithe le tuairisciú ag an ÚAO

- Comhlíonann an ÚAO riachtanais Chód Caiteachais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Tá gnáthaimh i bhfeidhm ag an ÚAO chun nochtaí cosanta a dhéanamh de réir S. 21 (1) den Acht um Nochtheadh Cosanta 2014. Foilsíodh tuarascáil bhliantúil faoi mar a fhoráiltear faoi S. 22 (1) den Acht.
- Comhlíonann an ÚAO gach gné de polasaí taistil an Rialtais.
- Comhlíonann an ÚAO a oibleagáidí faoin dlí cánach.
- Níl an ÚAO faoi láthair i mbun aon aighnis le comhlachtaí stáit eile.
- Tá an ÚAO ag déanamh gach beart riachtanach chun a chinntiú go gcomhlíonann sé Cód Cleachtais 2016.
- Níl aon fhochomhlacht ag feidhmiú faoina théarmaí tagartha ag an ÚAO.
- D'fhaomh an Bord an Ráiteas Rialachais agus Tuairisc na gComhaltaí Boird.

Tá an ÚAO sásta aon soiléiriú breise a bheadh de dhíth ort maidir lena bhfuil thuas a chur ar fáil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le do réamhtheachtaí mar Aire Oideachais agus Scileanna, an tUas. Joe McHugh T.D. as a rannpháirtíocht leis an ÚAO le linn a chuid ama mar Aire. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair Mary Mitchell O'Connor as a cuid oibre mar Aire Stáit Ardoideachais agus don Uas. John Halligan as a chuid oibre mar Aire Stáit Oiliúna agus Scileanna.


Ba mhaith liom buíochas a ghabháil fosta le Síona Cahill a d'éirigh as an mBord i rith 2019 i ndiaidh chríoch a téarma mar Uachtarán USI.

Ba mhaith leis an ÚAO buíochas a ghabháil leis an Uas. Paul O'Toole a bhí ina PF ó Dheireadh Fómhair 2018 go Deireadh Fómhair 2019.

Ár mbuíochas fosta le lucht ceannaireachta agus baill foirne na bhforas ardoideachais, lena n-áirítear an ÚAO féin, as a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach i leith na straitéisí náisiúnta.

In éineacht leis an Údarás agus an bhfeidhmeannas, tá mé ag tnúth le bheith ag obair leat féin agus le do Roinn nua de réir mar a fhorbróidh sí a plean gnímh nua, cur i gcrích creat córas feidhmíochta, Plean Forbartha Náisiúnta 2018-27 agus straitéisí náisiúnta eile.

Le gach dea-ghuí,



Michael Horgan
Cathaoirleach

Príomhshonraí Ardoideachais 2019



ROLLAITHE

228,503 rollú san iomlán in 2018/19, méadú 2.1% ó 2017/18. Mar sin féin, tháinig laghdú 3% ar iontrálaithe nua (céadbhlanta lánaimseartha fochéime) in 2018/19 go 42,794.



ROLLAITHE THAR LEAR

Tháinig méadú 10.3% ar líon na rollaithe idirnáisiúnta in 2018/19 go 28,275. B'ionann rolluithe neamh-AE agus os cionn 20,000 (72%) de na rolluithe idirnáisiúnta in 2018/19.



CINEÁL CLÁR

B'ionann rolluithe céime onóracha agus beagnach 139,000 (61%) de na rolluithe iomlána in 2018/19. Ba iad máistrí múinte an dara grúpa ba mhó a raibh 10% mar chúis leo.




RÉIMSE STAIDÉIR

Bhí an réimse is mó, Gnó, riarachán agus dlí, freagrach as beagnach 48,000 (21%) de na rollaithe go léir, agus sláinte agus leas ina dhiaidh sin (17%) agus na healaíona agus na daonnachtaí (15%).



TREOCHTAÍ INSCNE

Tá an bhearna rannpháirtíochta inscne leathnaithe, le 121,631 rollú ban in 2018/19 (suas 3% ar 2017/18) i gcomparáid le 106,794 rollú fireann (suas 1% ar 2017/18).



UIMHREACHA CÉIMÍ

Tháinig ardú 4% ar líon na gcéimithe in 2018 go 73,333. Ba í earnáil na hInstitiúide Teicneolaíochta (lena n-áirítear institiúidí OT Bhaile Átha Cliath anois) an t-ardú is mó (7%).



CÉIMITHE BAITSILÉARA ONÓRACHA

Bhí líon na gcéimithe céime baitsiléara onóracha suas 2.5% in 2018 go dtí beagnach 33,000. Tháinig méadú 5% ar an líon a ghnóthaigh onóracha rang 1ú i gcomparáid le 2017.



RÉIMSI STAIDÉIR DO CÉIMITHE

B'ionann cúrsaí gnó, riaracháin agus dlí agus 23% de na céimithe go léir in 2018 (os cionn 17,000). B'ionann cúrsaí sláinte agus leasa agus 18% de na céimithe go léir.



RÁTAÍ NEAMHDUL CHUN CINN

Ba é an ráta náisiúnta neamhdul chun cinn ón 1ú go 2ú bliain idir 2015/16 agus 2016/17 ná 14%. Ba é an ráta náisiúnta neamhdul chun cinn idir 2016/17 agus 2017/18 ná 13%.

FEIDHMÍOCHT ÚAO 2019

In 2018, ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas Plean Straitéiseach (2018-2022) inar leagadh amach ocht dtéama, as a n-eascaíonn 18 Straitéis Tosaíochta. Leagtha amach thíos tá cuid den dul chun cinn a rinneadh in 2019 laistigh de gach Téama Straitéiseach.

a. Rialachas Institiúideach, Ceannaireacht agus Barr Feabhais Oibríochta

Rialachas Córais

Rinneadh breis dul chun cinn i neartú ról ÚAO i maoirseacht rialachas córais in 2019. Cuireadh aonad rialachais ar bun a bhfuil próisis fhollasacha aige i leith athbhreithnithe rialachais ag IAOanna agus nochtaí cosanta a dhéanamh slán. Tugadh obair chun cinn ar athbhreithniú leanúnach ar rialachas pá agus pinsean ag IAOanna. Feabhsaíodh an t-athbhreithniú ar Ráitis Bhliantúla Rialachais (AGS) ag an ÚAO agus tugadh aiseolas do gach IAO. Táthar ag dúil le tuilleadh forbartha ar ról rialachais an ÚAO nuair a achtófar reachtaíocht nua.

De bhreis ar fhoilsiú cóid athbhreithnithe rialachais do na hInstitiúidí Teicneolaíochta (THEA, 2018) agus na hOllscoileanna (IUA, 2019), tugadh obair chun cinn ar fhorfheidhmiú na gCód.

Comhionannas Inscne/Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Mar atá sonraithe thuas, rinneadh an-dul chun cinn in 2019 ar obair chomhionannas inscne an ÚAO.

Moladh bunú Ionad Barr Feabhais Comhionannas Inscne laistigh den ÚAO chun athrú inbhuanaithe i dtreo an chomhionannais inscne i dtuairisc Thascfhórsa Comhionannas Inscne ROS (2018). Bunaíodh an tIonad i Meitheamh 2019 agus roinnt cuspóirí aige:

- luas inbhuanaithe a chur faoi chomhionannas inscne in IAOanna.
- comhoibriú idir IAOanna agus scaipeadh dea-chleachtais a chothú.
- tacaíocht láraithe a chur ar fáil d'IAOanna.

I bhfianaise na gcuspóirí seo, bunaíodh in 2019 an Coiste Náisiúnta um Chomhionannas Inscne agus Príomhfheidhmeannach an ÚAO ina chathaoirleach agus é chomhdhéanta de leasuachtaráin comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe na nInstitiúidí Ard-Oideachais uile agus de na comhlachtaí ionadaíochta (IUA agus THEA) chun comhordú tionscnaimh nua institiúideacha a chinntiú, le cois fóram a chur ar fáil chun dea-chleachtas a chomhroinnt agus acmhainn cheannaireachta a

fhorbairt. Bhí dhá cruinniú ag an gCoiste in 2019 agus d'fhorbair siad Téarmaí Tagartha agus comhaontaíodh míreanna plean oibre.

Tarraingíodh aird in Athbhreithniú Náisiúnta ÚAO ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ard-Oideachais na hÉireann (2016) ar an neamhionannas inscne atá ag leibhéal shinsearach acadúla inár IAOanna agus i measc na mbeart molta a liostaíodh i dtuairisc an Tascfhórsa Comhionannas Inscne bhí idirghabháil dhearfach ghnímh. Seoladh an Tionscnamh Ceannaireacht Shinsearach Acadúil, tionscnamh gníomh dearfach spriocdhírthe chun comhionannas a bhaint amach i measc acadóirí sinsearach san earnáil ardoideachais faoi bhainistíocht an Ionaid. Dámhadh poist (20) nua bhreise shinsearach acadúla i réimsí:

- ina raibh fianaise fhollasach ar thearcionadaíocht shuntasach inscne;
- ina mbeidh tionchar suntasach ag an gceapachán laistigh den IAO agus sa dáimh/roinn/ aonad feidhmithe ábhartha.

Le hearcú beirt bhall foirne ar leith san Ionad in 2019, tá Próifílí Foirne uasdátaithe foilsithe anois agus tá Cairt Athena Swan neadaithe go daingean anois sna hInstitiúidí chun comhionannas inscne a thabhairt chun cinn.

b. Maoiniú, Inbhuanaitheacht agus Feidhmíocht

Comhshocruithe Feidhmíochta

I dtéarmaí Feidhmíocht Chórais, foilsíodh Comhshocruithe Feidhmíochta le hInstitiúidí ardoideachais go luath in 2019. Rinne ÚAO agus painéal comhairleach idirnáisiúnta dul chun cinn i dtreo spriocanna eatramhacha a leagadh amach sna Comhshocruithe a athbhreithniú i bhFómhar 2019 agus tugadh aiseolas do na hInstitiúidí ardoideachais ar a bhfeidhmíocht.

Cás-Staidéir Measúnacht Tionchair

Leithdháileadh €5 mhilliún san iomlán i maoiniú feidhmíochta ar Institiúidí ardoideachais, bunaithe ar an athbhreithniú ar chás-staidéir tionchair. Foilsíodh samplaí díobh seo ar shuíomh gréasáin ÚAO chun aird a tharraingt ar thionchar dearfach oibre atá idir lámha ar fud na hearnála agus chun cur le deiseanna ar fhoghlaím chomhroinnte.

Feidhmíocht Chórais

D'fhaomh an tÚdarás Tuairisc Feidhmíocht Chórais 2018 in Aibreán 2019. Leanadh den athchóiriú tírdhreacha in 2019, le tacaíocht Státchiste €14.25m mar atá mionsonraithe in áiteanna eile sa tuairisc seo.

Maoiniú Córais

Is den rithábhacht fós, in obair an ÚAO agus na n-institiúidí, maoiniú cúrsaí. Lean an ÚAO den chomhoibriú le IAOnna a bhfuil easnaimh acu. Bhí cruinnithe i rith na bliana ag Grúpa Forfheidhmiúcháin Athbheithniú na Samhla Leithdháileadh Maoiniú Athfhillteach agus lean siad d'fhorfheidhmiú mholtaí thuairisc 2018 a thabhairt chun cinn, lena n-áirítear leithdháileadh maoiniú ar institiúidí a bhfuil an iomad campas acu agus maoiniú do thionscnaimh bhainistíochta agus cheannaireachta i gcomhpháirt leis an IUA agus THEA. Leithdháileadh maoiniú €5m ar thionscnaimh chun tacú le hacmhainn teagasc agus foghlama. Bhainistigh an ÚAO leithdháileadh síleálacha 2019 an Chreata Rialúcháin Fostaíochta don earnáil. Athbhunaíodh Coiste Monatóireachta ECF (ÚAO/ROS/RCPA) chun tacú leis an obair seo.

Cláir Chaipitil

D'éirigh leis an Aonad Cláir Chaipitil (CPU) glao mór maoiniú iomaíoch a eagrú, Ciste Bonneagar Straitéiseach Ardoideachais, inar lorgaíodh moltaí caipitil i gcomhair foirgnimh nua nó oibreacha ar fhoirgnimh reatha agus an cuspóir leis go soláthrófaí bonneagar ardoideachais ardchaighdeán in IAOnna a mbeadh tionchar straitéiseach aige ar riachtanais scileanna na hÉireann amach anseo. D'éirigh le cúig thionscadal san iomlán faoin gciste seo thart ar 70,000m² a chur ar fáil in Institiúidí Ard-Oideachais, a thacaíonn le 14,000 spás nua do mhic léinn.

Bhí an clár CPP Ardoideachais ar na príomhréimsí fócais don CPU agus dul chun cinn an 11 thionscadal a chinntiú trí dhearadh agus pleanáil agus cathaoirleacht na Foirne Tionscadail. Bhí an fócas, go háirithe, ar dhearadh na bhfoirgneamh a fhorbairt i gcomhar leis an bhFoireann Deartha agus na húsáideoirí deiridh chomh maith le cead pleanála a thabhairt chun cinn do gach suíomh sa Chlár.

Bhí an CPU freisin ag iarraidh 'Ionad Barr Feabhais' a chur ar bun chun tacú le tionscadail mhóra chaipitil a sholáthar san earnáil Ardoideachais trí dhisciplíní teicniúla a chur leis an bhfoireann.

c. Fianaise, Polasaí agus Pleanáil Straitéiseach

Rath na Mac Léinn

Rinne an ÚAO agus an Fóram Náisiúnta um Fheabhsúchán an Teagaisc agus na Foghlama Siompóisiam ar Rath Mac Léinn a chomheagrú ar an 24 Deireadh Fómhair 2019 i mBaile Átha Cliath. “Forbairt ár dtuiscint náisiúnta ar rath mac léinn” an teideal a bhí ar an siompóisiam. Ar an imeacht seo, fuarthas forléargas ar an obair a rinneadh go dtí seo agus sainaithníodh roinnt croí-áisitheoirí lena n-áirítear teagasc, pobal, sláinte agus folláine. Bhí tuairim ar 150 duine i láthair. Thug painéal mac léinn ar de chúlraí difriúla iad a ndearcadh ar cad a chiallaíonn rath mac léinn dóibhsean.

D'fhoilsigh an Fóram Náisiúnta tuairisc fosta i nDeireadh Fómhair dar teideal “Rath Mac léinn san Ardoideachas a Thuiscint agus a Chumasú”. Aibhsítear sa tuairisc seo an obair shuntasach atá ar siúl ar fud chóras an ardoideachais chun comhthuiscint ar rath mac léinn a ghnóthú agus tacaíocht níos fearr a thabhairt do mhic léinn ionas go mbeidh eispéireas saibhir, rannpháirteach, dearfach ardoideachais acu. Cuimsítear ann taighde leitheadach agus obair scóipe a rinne an Fóram Náisiúnta i bpáirt leis an ÚAO, ag éirí as an bPlean Rochtana Náisiúnta agus an sprioc shainiúil rath mac léinn a bhreithniú i leith na spriocghrúpaí a sainaithníodh.

Ollscoileanna Teicneolaíochta

Rinneadh dul chun cinn ar bhunú dara hOllscoil Teicneolaíochta na hÉireann i rith 2019 leis an gcinneadh i mí na Bealtaine 2020 Stádas Ollscoil Teicneolaíochta a thabhairt don Chuibhreannas OT atá comhdhéanta d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí. Leanadh d'athchóiriú an chórais ardoideachais in 2019 ar aon dul leis an uailmhian atá sa Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go 2030. Cuireadh €14.25m ar fáil i maoiniú athchóiriú tírdhreacha do chuibhreannais institiúideacha chun tacú le tionscadail náisiúnta athstruchtúraithe.

Le foilsiú thuairisc an Líonra Taighde Ollscoileanna Teicneolaíochta (TURN) “*Ceangailteacht agus Comhoibriú trí Nascthacht*” i nDeireadh Fómhair 2019, cuireadh in iúl comhfhis agus comh-uailmhian do na hOllscoileanna Teicneolaíochta, mar is féidir é seo a bhaint amach agus, mar sin de, a chur ar a gcumas ionchur náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheith acu san fhorbairt shóisialta, eacnamaíochta agus chultúrtha.

Mar fhreagairt don tuairisc seo, d'fhógair an Rialtas i gCáinainéis 2020 soláthar €90 milliún go ceann trí bliana faoi Chiste Claochlaithe OT nua chun tacú le hInstitiúidí Teicneolaíochta comh-ainmniú OT a ghnóthú agus OTanna bunaithe a chur chun cinn a thuilleadh. D'iarr an Roinn ar an ÚAO dearadh agus forfheidhmiú an chiste seo a bhainistiú, i gcomhairle le croípháirtithe leasmhara.

d. Claochlú Digiteach

I mí Feabhra 2019, d'fhógair an ÚAO torthaí a ghlaó Clár Nuálaíochta agus Claochlaithe. Seoladh an ciste in 2018 mar mholadh ón Athbhreithniú ar shamhail leithdháileadh maoiniú athfhillteach ardoideachais. As an 21 tionscadal a maoiníodh, bhí 10 i réimse an chlaochlaithe dhigitigh, lena n-áirítear conairí mac léinn, foghlaim sholúbtha, ó chian agus r-fhoghlaim agus anailísíocht i gcomhair coinneáil agus dul chun cinn mac léinn.

Mar shampla, ba é aidhm an tionscadail trí bliana faoi stiúir an IUA, Feabhsú Acmhainn Dhigiteach sa Teagasc agus Foghlaim in Ollscoileanna na hÉireann, buanna digiteacha agus eispéiris oideachais mhic léinn ollscoile na hÉireann a fheabhsú trí úsáid phríomhshruthaithe, chomhtháite teicneolaíochtaí digiteacha a chumasú i ngach cuid den phróiseas teagaisc agus foghlama. Aidhm eile le príomhshruthú gníomhaíochtaí digiteacha teagaisc agus foghlama in Ollscoileanna na hÉireann, tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil gach duine a theagascann nó a thacaíonn le teagasc agus foghlaim.

Tá OCBhÁC ag stiúradh tionscadail chun ollstruchtúr deartha foghlama a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do ghradaim chreidiúnaithe bunaithe ar mhicri-chreidiúintí incharntha. Tá OT Bhaile Átha Cliath ag scrúdú anailísíocht sonraí fíor-ama chun coinneáil a fheabhsú agus tá IT Shligigh ag tabhairt chun cinn samhla chun cláir chéime ar líne/chumaiscthe a chur ar fáil do mhic léinn nach féidir leo a bheith ar an gcampas mar gheall ar shuíomh, míchumas srl.

Arís, i mí Feabhra 2019, d'óstáil an ÚAO ócáid 'Fóram Fócas Todhchaí' dar teideal "Claochlú Digiteach agus Teicneolaíocht Cumhachtaithe san Ard-Oideachas". Ar an bhfóram seo, fiosraíodh dúshláin agus deiseanna atá ag teacht chun cinn d'institiúidí ardoideachais in Éirinn má tá siad le bheith ar thosach an tslua sa chlaochlú digiteach agus deiseanna a thapú i

ndomhan atá ag dul chun digitithe. Comhroinneadh dea-chleachtas sa réimse seo agus pléadh saincheisteanna bainteacha amhail cibearshlándaíl agus úsáid eiticíúil, fhreagrach teicneolaíochta agus sonraí. Foilsíodh na torthaí ar shuíomh gréasáin an ÚAO agus beidh siad mar bhonn eolais i bhforbairt Chreat Claochlú Digiteach an ÚAO.

Is mó i bhfad, áfach, an clár oibre Claochlú Digiteach ná mar a síleadh nuair a bhíodas ag ceapadh Plean Straitéiseach an ÚAO ar dtús agus é níos riachtanaí ná mar a bhí riamh don ardoideachas in Éirinn. In 2019, thiomsaigh an ÚAO teagmháil le croípháirtithe seachtracha, amhail HEAnet agus ROS, agus comhoibreoidh siad leo chun ár ngníomhaíochtaí amach anseo a ailíniú le pleananna náisiúnta amhail an Plean Náisiúnta Digiteach.

e. Caighdeáin agus Barr Feabhais Acadúil

Caighdeáin, Teagasc agus Foghlaim

Is gné thábhachtach fós é an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama de thacaíocht an ÚAO do thaithí agus rannpháirtíocht mac léinn san hInstitiúidí. D'fhaomh Bord an ÚAO athbhreithniú den Fhóram in 2019. Leanadh d'fheidhmiú céimneach rathúil shuirbhéanna ISSE (fóchéim agus iarchéim). Tá meastóireacht neamhspleách ar an Tionscadal Náisiúnta Rannpháirtíocht Mac Léinn (a bhfuil áit ag an ÚAO ar a ghrúpa stiúrtha) idir lámha agus cuireadh Lónra Náisiúnta Rannpháirtíocht Mac Léinn ar bun.

Taighde

Le cois a chuid teagmhálacha leanúnacha taighde seachtracha straitéiseacha, mar shampla, le Grúpa Forfheidhmiúcháin Nuálaíochta 2020, in 2019 d'fhorbair an ÚAO - faoi cheannaireacht a Choiste Taighde agus Oideachas Céimithe – *Principles of Good Practice in Research in Irish Higher Education Institutions*¹, Prionsabail an Dea-Chleachtais Taighde in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann, ar toradh dóibh a bhfoilsíú i mí Feabhra 2020. Le linn 2019, bhí sé i dteagmháil lena pháirtithe leasmhara agus athbhreithníodh dea-chleachtas, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun sraith prionsabal a cheapadh ar cuspóir dóibh dea-chleachtas a chur chun cinn sa taighde trí:

- Príomhghnéithe dea-chleachtais taighde ardoideachais a thabhairt le chéile,

¹ These principles developed over 2019 were published at the start of 2020.

- Prionsabail ardleibhéil iontu seo uile a chur in iúl, agus
- Treorú chuig polasaithe níos mionsonraithe más ar fáil.

Tá seacht ngné den dea-chleachtas taighde a spreagtar institiúidí iad a chomhlíonadh:

- 1 Barr feabhais sa taighde agus saoirse acadúil
- 2 Ionracas taighde agus eitic
- 3 Taighde oscailte
- 4 Maoin intleachtúil agus aistriú eolais
- 5 Forbairt taighdeora
- 6 Bainistíocht tionscadal taighde agus cláir
- 7 Dínit agus meas

Tá tiomantas do na prionsabail seo cuimsithe anois i Ráitis Bhliantúla Rialachais an ÚAO agus athbhreithneofar an t-ábhar iontu gach dhá/trí bliana.

Idirnáisiúnú

Is croíghné é idirnáisiúnú ardoideachas na hÉireann i soláthar eispéireas ardchaighdeán teagaisc, foghlama agus taighde do mhic léinn agus baill foirne agus chun rannpháirtíocht idirnáisiúnta a chothú san earnáil.

Bunaíodh scéim Rialtas na hÉireann – Scoláireacht Oideachais Idirnáisiúnta (GOI-IES) faoi fhorálacha Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta an Rialtais 2010-2015 agus cuireadh léi sa straitéis ina diaidh sin "Oideachas in Éirinn, Ceangailte go Domhanda (2016-2020)". Tarraingítear aird freisin ar straitéis na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Éire Dhomhanda: Soláthar i Réigiún Áise an Aigéin Chiúin go 2025. Ó cuireadh tús leis an scéim, ba é an ÚAO a mhaoirsigh an glao bliantúil maoiniúcháin seo. Is é aidhm scéim GOI-IES rannpháirtíocht na hÉireann i spriocmhargaí a aibhsiú. Feidhmítear an scéim san earnáil ardoideachais agus maoinítear i gcomhpháirtíocht de chuid an Rialtais agus na n-institiúidí ardoideachais (IAO) í. Is gradaim a bhfuil ardmheas orthu iad na scoláireachtaí seo agus léirítear iontu na bunteachtaireachtaí faoi Éirinn mar ionad oideachais idirnáisiúnta. Maidir le gach buaiteoir scoláireachta, táthar ag dúil go n-ardófar feasacht ar Éirinn i measc an iomad mac léinn féideartha eile.

In 2019, bronnadh 60 scoláireacht ar mhic léinn idirnáisiúnta a bhfuil buanna ar leith acu as tíortha amhail an India, an Phacastáin, an Rúis agus an tSín. Na mic léinn a n-éiríonn leo, tarscaoiltear a dtáillí san IAO a roghnaíonn siad agus faigheann siad sparánacht €10,000 dá gcostais mhaireachtála in Éirinn.

In 2019, lean an ÚAO ina ról mar ghníomhaire náisiúnta Erasmus+, ar comhlánaíodh agus ar foilsíodh athbhreithniú tionchair ina leith. Gníomhaíocht thábhachtach idirnáisiúntaithe eile in 2019 feidhmiú céimneach cúnamh airgeadais náisiúnta do Thionscnamh Ollscoileanna na hEorpa, trínar aimsigh deich IAO as Éirinn tacaíocht. Lean an ÚAO freisin den chomhoibriú le ROS ar gach gnó a bhaineann le Breatimeacht.

f. Cothromas Rochtana

An Clár Rochtana ar an Ardoideachais (PATH)

In 2019, rinne ÚAO measúnú ar Shnáithe 2 de PATH. I ndiaidh na sonraí a bhain leis an gcéad bhliain de PATH a anailísiú, fuarthas amach i measúnú ÚAO go raibh fianaise ann a léirigh go bhfuil an Ciste ag comhlíonadh a chuspóra fhoriomláin, .i. tacú le mic léinn ó na spriocghrúpaí náisiúnta tosaíochta an t-ardoideachas a rochtain agus a bheith páirteach ann.

Ba léir ó na sonraí gur dhírigh na braislí réigiúnacha a gcuid iarrachtaí ar na spriocghrúpaí ina bhfuil na rátaí is ísle rannpháirtíocht ardoideachais, m.sh, daoine sa Phobal Taistil agus tuismitheoirí aonair. Tháinig dúshláin aníos sa scéim i réimsí amhail acmhainneacht, soiléire treoirilínte, an gá le bheith níos láraithe ó thaobh iarratas de, tionchar ar sheirbhísí rochtana eile.

I mí Feabhra 2020, d'fhógair an Roinn Oideachais agus Scileanna feidhmiú céimneach Chiste Sparánachta 1916 go ceann trí bliana eile ag tosú in 2020/21. Cuireadh in iúl do bhraislí faoi leanúint de mhaoiniú PATH 2 i mí na Nollag 2019.

In 2019, chuir ÚAO tús le measúnú ar shnáithe 1 de PATH trína dtacaítear le rochtain ar oiliúint tosaigh múinteora ag spriocghrúpaí an Phlean Náisiúnta Rochtana. Mar chuid den phróiseas measúnaithe, d'óstáil ÚAO imeacht comhairliúcháin leis na 6 ionad barr feabhais teagaisc chun na dúshláin agus an dea-chleachtas a bhaineann le tionscadail agus gníomhaíochtaí a maoiníodh faoi PATH 1 a phlé. Bhí

croí-ionchur ag an gcomhairliúchán i measúnú PATH 1 ÚAO agus i bhforbairt moltaí i dtaca le maoiniú PATH 1 amach anseo.

Sonraí Rochtana

D'fhoilsigh an tÚdarás um Ard-Oideachas “Próifíl Spásúil agus Shocheacnamaíoch d'Institiúidí Ard-Oideachais in Éirinn” i nDeireadh Fómhair 2019. Úsáidtear sa tuairisc sonraí sheoltaí mac léinn 2017/18 atá i gCóras Taifid Mac Léinn ÚAO chun anailís a dhéanamh ar phróifíl shocheacnamaíoch mhic léinn ardoideachais na hÉireann de réir institiúide agus sannann Scór Innéacs Díothachta (DIC) do gach institiúid.

Sa tuairisc seo cuirtear leis an tuiscint ar conas a théann cúlra socheacnamaíoch agus leibhéil mhíbhuntáiste i bhfeidhm ar rátaí rannpháirtíochta san ardoideachas. Tacófar le hinstitiúidí freisin cuir chuige níos spriocdhírthe a fhorbairt i leith rochtain a leathnú ina gcuid réigiún.

An Fóram Náisiúnta Rochtana

Áirítear le spriocanna an Phlean Náisiúnta Rochtana (NAP) fóram bliantúil a thionól chun eolas a chomhroinnt agus faisnéis a scaipeadh ar thionscnaimh éifeachtacha a bhaineann le rochtain. Tionóladh an tríú fóram NAP i Márta 2019. Tugtar deis luachmhar ar an bhFóram d'oifigigh rochtana, mic léinn aibí agus oifigigh míchumais, mic léinn agus do lucht déanta polasaithe faisnéis agus eispéiris a roinnt. Ba í an Dr. Rachel Carr, Príomhfheidhmeannach agus comhbhunaitheoir *Into University* príomhchainteoir an Fhórait. Chomhroinn sí a cuid eispéireas ar chothromas rochtana ar an ardoideachas a chur chun cinn sa RA.

Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumais (FSD)

Is é feidhm an Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumais (FSD) cuidiú le hinstitiúidí breisoideachais agus ardoideachais a chinntiú go mbíonn an cúnamh agus an trealamh cuí ag mic léinn faoi mhíchumas ionas go bhféadfaidh siad a rogha cúrsa staidéir a rochtain, a bheith lánpháirteach ann agus go n-éireoidh leo é a chur i gcrích. Cuireadh grúpa forfheidhmiúcháin FSD ar bun i ndiaidh fhoilsiú an Athbhreithnithe ar FSD in 2017. Le linn 2019, bhí dhá chruinniú ag an ngrúpa agus an fócas ar mholtaí nár cuireadh san athbhreithniú ar FSD i gcrích fós a thabhairt chun cinn, lena n-áirítear forfheidhmiú iomlán na samhla

athbhreithnithe leithdháileadh maoiniúcháin le cois uasdátú threoirilínte FSD i mbliain acadúil 2019/20.

An Ciste Cúnamh do Mhic Léinn (SAF)

Tugtar tacaíocht airgeadais ón gCiste Cúnamh do Mhic Léinn do mhic léinn, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha a mbíonn deacrachtaí airgeadais acu agus iad ar coláiste. I ndiaidh foilsiú athbhreithniú ar SAF in 2016, cuireadh grúpa forfheidhmiúcháin SAF ar bun. Bhí dhá chruinniú ag an ngrúpa seo in 2019.

Áirítear leis an SAF leithdháileadh imfhálaithe do mhic léinn pháirtaimseartha ar tuismitheoirí aonair iad nó ar de spriocghrúpa eile iad. Maidir le bliain acadúil 2018/19, leithdháileadh €1 mhilliún breise ar an gCiste Cúnamh do Mhic Léinn (SAF) do Mhic Léinn Máistreacht Ghairmiúil Oideachais (PME) a mbíonn deacrachtaí airgeadais acu. Tá an maoiniú breise seo mar chuid de fhreagairtí is leithne na Roinne do shaincheisteanna soláthar múinteoirí, mar atá leagtha amach sa Phlean Gnímh Soláthar Múinteoirí. Cuireadh maoiniú breise ar fáil do bhliain acadúil 2019/20.

g. Scileanna, Infhostaitheacht agus Rannpháirtíocht

Printíseacht

In 2019, chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú €7.5m ar fáil do na hInstitiúidí Teicneolaíochta in 2019/20 chun trealamh agus na hoibreacha cumasaithe a ghabhann leis a cheannach chun tacú le feidhmiú céimneach na Siollabas nua Printíseachta Leagan 4. Chuir an infheistíocht seo ar chumas ITanna agus OT Bhaile Átha Cliath oiliúint a chur ar fáil do phrintisigh sna teicnící is comhaimseartha lena n-áirítear teicneolaíochtaí inbhuanaithe, in-athnuaite amhail fuinneamh gréine agus gaoithe agus modhanna agus ábhair thógála atá tíosach ar fhuinneamh.

Ciallaíonn sé seo gur breis agus €23m a leithdháileadh san earnáil ó bhí 2017 ann mar mhaoiniú caipitil chun tacú leis na cláir printíseachta cheirde a nua-aoisiú ar bhonn leanúnach.

Cuireadh tús le trí chlár nua printíseachta bhreise san earnáil AO in 2019 sna hearnálacha Cócaireachta, CGI agus Innealtóireacht Tógála. Chuir an ÚAO maoiniú ar fáil chun tacú leis an gcéad imeacht Scileanna Éireann Beo a tionóladh san RDS i Márta 2019. D'éirigh thar

barr leis an ócáid agus d'fhreastail 12,500 cuairteoir, 145 scoil agus 80 taispeántóir le linn na tréimhse trí lá. 123 iomaitheoir a bhain an chraobh náisiúnta amach sa chéad bhliain den imeacht seo thar na trí lá in 25 earnáil ó shiúinéireacht go cóireáil scéimhe, cothabháil aerárthach go seirbhís bhialainne. Chuaigh buaiteoir gach earnála ar aghaidh le hionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ar an gcomórtas Scileanna Domhanda sa Rúis i Lúnasa 2019.

TFC agus Campaí Fiontraíochta

Eagraíodh 34 Campa Fiontraíochta san iomlán in 2019 ar bhonn náisiúnta agus ghlac 1,169 dalta iar-bhunscoile páirt. Ina theannta sin, in 2019 d'eagraigh 18 nInstitiúid ardoideachais 58 campa samhraidh agus fómhair agus ghlac 8,652 dalta san iomlán páirt ó gach cearn den tír. Ba chailíní iad 45.1% de na rannpháirtithe. Tionóladh imeachtaí DojoMór agus MegaDojo ar fud na tíre in 2019. 2,518 an líon iomlán daltaí a d'fhreastail ar na himeachtaí seo agus ba chailíní 40.7% díobh.

Lingchlár+

Tairgeadh beagnach 10,000 áit ar 285 cúrsa éagsúil, 1,148 áit aistrithe TFC san áireamh, in 2019.

An Tionscnamh Caipitil Dhaonna (HCI)

D'fhógair an Rialtas an Tionscnamh Caipitil Dhaonna i gCáinainéis 2019. Soláthrófar sa tionscnamh infheistíocht a bheidh dírithe ar acmhainn a mhéadú i gcláir ardoideachais ina bhfuil an fócas ar scileanna agus ar aidhm dóibh riar ar riachtanais tosaíochta scileanna. Thar 5 bliana ó 2020 go 2024, tá €300m le hathdháileadh don HCI ó bharrachas sa Chiste Náisiúnta Oiliúna (NTF). Tá sé seo ar aon dul le moltaí atá san athbhreithniú neamhspleách ar NTF ar úsáid an bharrachais agus forbairt scileanna margadh saothair. Is é seo an dara glao ar mholtaí faoin HCI. In 2019, eagraíodh trí ghlao faoi Cholúin 1 go 3 den Tionscnamh Caipitil Dhaonna. An toradh a bhí ar Cholúin 2, Áiteanna Breise i gcúrsaí inar gá scileanna, institiúidí ardoideachais a bheith tiomanta do mhéadú 1,400 rollú ar chláir fochéime inar gá scileanna ó Leibhéal 6 go 8 i mblianta acadúla 2020/2021 agus 2021/2022. An toradh a bhí ar Cholúin 1, cláir aistrithe speisialtóirí agus céimithe, 1,500 áit i ndisciplíní sainiúla inar gá scileanna a bheith ar fáil i mbliain acadúil 2020/2021. Osclaíodh glao Cholúin 3, Nuálaíocht agus Solúbthacht, i mí na Nollag 2019 agus fógrófar na torthaí níos déanaí in 2020.

Oideachas Múinteoirí

Foilsíodh *Athbhreithnithe téamacha: Struchtúr Oideachas Múinteoirí in Éirinn: Athbhreithniú ar Dhul chun Cinn i bhFeidhmiú Athchóirithe (Sahlberg II)* i mí na Bealtaine 2019. Tarraingíodh aird sa tuairisc leantach seo ar dhul chun cinn suntasach i seachadadh an cláir oibre athchóirithe a moladh go sainiúil i dTuarascáil Sahlberg (2012) agus, níos ginearálta sa Straitéis Náisiúnta um Ard-Oideachas go 2030 (2011).

Tugadh isteach i Meán Fómhair 2019 cláir nua fochéime oideachas múinteoirí iar-bhunscoile i réimsí tosaíochta ábhair mar chuid de bhearta le dul i ngleic leis an dúshlán soláthar múinteoirí. Tacaíodh le forbairt na gclár seo le Maoiniú Feidhmíochta ÚAO in 2018 agus tosófar ar chláir nua bhreise in 2020/21.

Forbraíodh glao ar chláir uas-scilithe do mhúinteoirí sna réimsí tosaíochta ábhair, an Mhatamaitic, an Fhisic agus an Spáinnis agus seoladh é i mí na Nollag 2019 chun tiomantas sa Phlean Gnímh Soláthar Múinteoirí (2018) a chomhlíonadh.

h. ÚAO mar Sháreagraíocht

Cuntasacht, Rialachas agus Bainistíocht Feidhmíochta

Le blianta beaga anuas, tá ÚAO ag féachaint lena chur chuige i leith na cuntasachta, an rialachais agus na Bainistíochta Feidhmíochta san ardoideachas a neartú. Mar shampla, cuid suntasach iad foilsiú le déanaí dhá thuairisc ar chomhionannas deiseanna agus cé go bhfuil an dul chun cinn go malltriallach, tá IAOanna ag teacht chun cinn ar cheannaireacht, rialachas, bainistíocht agus cúrsaí foirne i ngach earnáil.

D'fhoill tuilleadh dlúis a chur le hathrú, áfach, is ríthábhachtach go mbíonn IAOanna iomlán páirteach agus go mbíonn lucht sinsearach bainistíochta ar thosach an tslua i gcur chun cinn comhionannas inscne laistigh dá n-eagrais. Le cur chuige athbhreithnithe ÚAO i leith mhaoirseacht agus rialachas IAOanna in 2015, is láidre an tuairisciú a dhéantar ar rialachas bliantúil. Lena chois sin, tá na IAOanna ag leanúint de dhul i bpáirt leis an ÚAO sa phróiseas idirbheartaíochta straitéise agus feidhmíochta le gach IAO ag cur a gcomhshocruithe feidhmíochta, bunaithe ar mhisean, faoi bhráid an ÚAO in 2019.

Acmhainní Daonna

Aithníonn an ÚAO tacaíocht na Roinne a cheadaigh roinnt poist nua i rith na bliana chun cuidiú le cláir mhaoinithe nua agus mhéadaithe. Chuir an ÚAO plean fórsa saothair faoi bhráid na Roinne le linn 2019. 81.25. an líon foirne atá fostaithe ag an ÚAO agus IRC amhail 31 mí na Nollag 2019.

Tá Córas Bainistíochta agus Forbairt Feidhmíochta i bhfeidhm ag an ÚAO do gach ball foirne agus in 2019, cuireadh clár deiseanna forbairt foirne i bhfeidhm dírithe go príomha, ach ní go heisiach, ar bhaill foirne ar mná iad.

Staitisticí Ard-Oideachais

Chomhlánaigh Aonad Staitisticí ÚAO agus thug sé chun cinn roinnt croí-thionscadal in 2019. Foilsíodh an chéad anailís iomlán rátaí comhlánaithe de chuid an ÚAO i mí Feabhra 2019. Sa tuairisc cheannródaíoch seo, aibhsíodh rátaí arda comhlánaithe ar fud an chórais go ginearálta, d'ainneoin corr áit ina bhfuil rátaí níos airde. Is tábhachtach gur léiríodh san torthaí go mbíonn claonadh ag mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste gnóthú chomh maith céanna lena gcomh-mhic léinn, má tá gach rud eile cothrom.

Foilsíodh an chéad phróifíl chuimsitheach spásúil agus shocheacnamaíoch ar phobal mhic léinn an ardoideachais i nDeireadh Fómhair 2019. Áirítear le hanailísí mapáil abhantracha IAO, comparáid idir na leibhéil choibhneasta rachmais/míbhuntáiste i bpobail IAO, bunaithe ar shonraí seoladh baile mac léinn agus comparáid idir torthaí céimithe do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste agus a bpiaraí nach bhfuil faoin míbhuntáiste céanna. Le linn 2019, thosaigh an tAonad Staitisticí ag scaipeadh sonraí trí tháblaí in-íoslódáilte agus amharcléirithe ar leathanaigh shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh, rud a léiríonn ár dtiomantas do shonraí oscailte. Mar thoradh ar an gcomhoibriú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, d'fhoilsigh an ÚAO tuairisc chuimsitheach ar ioncam céimithe i mí na Nollag 2019.

Cuireadh leis na torthaí sa tuairisc seo lena raibh foilsithe roimhe seo ag CSO ar ioncam céimithe cosúla, ag cur san áireamh difríochtaí i dtréithe céimithe. Tugadh cead rochtana do thaighdeoirí seachtracha ar shonraí mac léinn anaithidithe ar an suíomh in 2019, ar aon dul lenár dtiomantas an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as tacair shonraí shaibhre ÚAO. Díríodh an aird ina gcuid oibre ar chinntithigh cáilíocht chéime de réir tréithe mac léinn

lena n-áirítear inscne, cineál scoil dara leibhéal agus gnóthachtáil san Ardteist.

Rinneadh tosaíocht de chomhlíonadh reachtaíocht um chosaint sonraí le linn 2019 agus an toradh a bhí air seo comhaontuithe roinnte sonraí sínithe le gach IAO maoinithe, fógra uasdátaithe bailithe sonraí agus foilsíú Measúnacht Tionchair um Chosaint Sonraí. Tá foireann an Aonaid Staitisticí ag leanúint de chur le comhoibrithe is leithne idir an tSeirbhís Phoiblí agus ÚAO trí rannpháirtíocht ar mheithleacha CSO, SOLAS, ISSE agus na Roinne Oideachais agus Scileanna. Chonacthas in 2019 fosta feidhmiú céimneach an dara leagan den Suirbhé Torthaí Céimithe ar suirbhé iomlán earnála é de chéimithe a dhéantar thart ar naoi mí i ndiaidh bronnadh céimeanna. Leis an monatóireacht leanúnach ar chroíthascáirí feidhmíochta (KPI) tríd an gCreat Feidhmíochta Córais, táthar ag leanúint den mheasúnú ar fheidhmíocht institiúideach agus córais araon ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach, le foilsíú Feidhmíocht Chórais an Ard-Oideachais, Próifílí Institiúideacha agus Earnála (2016/17) i nDeireadh Fómhair 2019. Chomh maith leis sin, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt uirlis amharcléirithe deaise mar shlí chun croíthascáirí feidhmíochta ardleibhéil a chur i láthair

Earcú Príomhfheidhmeannach nua

In 2019, d'fhaomh Bord an Údaráis um Ard-Oideachas (ÚAO) ceapadh an Dr. Alan Wall mar PF ar an ÚAO i ndiaidh comórtas oscailte a bhainistigh an tSeirbhís um Cheapachán Phoiblí. Tá taithí fhada leitheadach ag an Dr. Wall in earnáil an oideachais. Bhí sé ina Ard-Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais agus Scileanna agus, le fiordhéanaí bhí sé i gceannas ar a Rannóg Taighde, Athchóirithe, Beartais agus Sonraí. Mar Leas-Stiúrthóir leis an gComhairle Mhúinteoireachta, bhí croíróil aige i mbunú na gníomhaireachta sin.

Tá Dochtúireacht sa Rialachas ag an Dr. Wall ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus tá céimeanna aige fosta ó Ollscoil Mhá Nuad agus ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tháinig an Dr. Wall i gcomharba ar Paul O'Toole a bhí ina PF eatramhach ó Dheireadh Fómhair 2019 go Deireadh Fómhair 2020.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

An tÚdarás um Ard-Oideachas Rialachas Corparáideach

Mandáid Reachtaíochta

Bunaíodh An tÚdarás um Ard-Oideachas ar an 15 Bealtaine 1972 faoin Acht um Ard-Oideachas, 1971. Sannadh feidhmeanna breise don ÚAO faoi Acht na nOllscoileanna, 1987, Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 2006 agus Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018. Feidhmíonn an ÚAO de réir fhorálacha na nAchtanna seo agus faoi choimirce an Aire Oideachais agus Scileanna. Faoi láthair, tá an Roinn Aire Oideachais agus Scileanna ag gabháil d'athbhreithniú ar an reachtaíocht lena rialaítear an ÚAO.

Faoin Acht um Ard-Oideachas, 1971, sainmhínítear feidhmeanna ginearálta an ÚAO mar:

- Forbairt an ardoideachais a thabhairt chun cinn
- Cuidiú le comhordú infheistíocht Stáit san ardoideachas agus moltaí dá leithéid d'infheistíocht a ullmhú
- Luach an ardoideachais agus an taighde a chur chun cinn
- Gnóthú comhionannas deiseanna san ardoideachas a chur chun cinn
- Daonlathú struchtúr an ardoideachais a chur chun cinn.

Feidhmíonn Comhairle Taighde na hÉireann (IRC) faoi choimirce an Údaráis um Ard-Oideachas. Bunaíodh i Márta 2012 í tar éis chumasc Comhairle Taighde na hÉireann um Dhaonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta agus Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht.

Bunaíodh an IRC chun:

- Taighde neamhspleách, turgnamhach den scoth a mhaoiniú agus cur le clú na hÉireann mar ionad taighde agus foghlama
- Tacú le hoideachas agus forbairt scileanna taighdeoirí luathchéime den scoth
- An linn saineolais atá ar fáil chun riar ar riachtanais na hÉireann faoi láthair agus feasta a shaibhriú
- Comhairle pholasaí a thabhairt ar oideachas iarchéime agus ar nithe ginearálta taighde.

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tháinig an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a ghlac áit Chód 2009, in éifeacht i Meán Fómhair 2016. Tá glactha leis ag an Údarás um Ard-Oideachas agus tá próisis i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann an uile oibríocht de chuid an ÚAO ceanglais an Chóid.

Comhaontú Soláthar Feidhmíochta

Chomhaontaigh an tÚdarás um Ard-Oideachas Comhaontú Soláthar Feidhmíochta i Márta 2018 leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus cuireadh é seo ar athlár go 2019. Leagtar amach sa chomhaontú seo an creat bainistíochta agus cuntasachta idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2015

Tosaíocht fhadbhunaithe é an Comhionannas don Údarás um Ard-Oideachas. Tugann an t-eagras a luach don éagsúlacht agus féachann le bheith ina fhostóir comhionannais mar a spreagtar ionchur ó gach duine agus a dtugtar a luach do dhifríochtaí. Chuige seo, tá an ÚAO tiomanta dá chinntiú nach gcaitear ach go cothrom le gach ball foirne nó iarrthóir fostaíochta ar chúiseanna inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, reiligiúin, aoise, míchumais, a bheith de phobal mionlaigh eitnigh nó ar chúiseanna eile nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta. Baineann sé seo le hearcú, dálaí oibre agus le deiseanna forbartha.

An tAcht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair, 2005

Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas ag leanúint de bhearta cuí a dhéanamh chun sláinte, sábháilteacht agus leas gach fostaí agus cuairteora ina chuid oifigí a chosaint le go gcomhlíontar forálacha an Achta. Baineann sé seo chomh maith leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Ar aon dul leis na hAchtanna thuas, tá glactha ag an Údarás um Ard-Oideachas le gnáthaimh atá de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na gnáthaimh seo i rith na bliana. Ní raibh aon idirbheart i rith na bliana a chuaigh chun sochair do Chomhaltaí Boird.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Ar aon dul le ceanglas dleathach an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, tá gnáthaimh i bhfeidhm agus á gcoinneáil ag an Údarás um Ard-Oideachas i leith nochtaí cosanta a dhéanamh. Is féidir nochtaí cosanta a dhéanamh le Príomhfheidhmeannach an ÚAO maidir le gnóthaí a bhaineann le pleanáil agus forbairt an ardoideachais agus taighde sa Stát agus gnóthaí a bhaineann le maoiniú institiúidí ardoideachais ag an ÚAO. Rinneadh cúig nochtadh cosanta leis an ÚAO in 2019 ó institiúidí ardoideachais.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Ta an tÚdarás um Ard-Oideachas tiomanta dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, mar a leasaíodh i Rialacháin na bPobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012.

Tá an lucht bainistíochta sásta gur chomhlíon an ÚAO na forálacha seo ar an uile dhóigh ábharach. €983 san iomlán a íocadh i leith pionóis úis íocaíochtaí déanacha in 2019.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Ta an tÚdarás um Ard-Oideachas tiomanta dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil ÚAO agus croícháipéisí polasaí go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Baineann forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise leis an Údarás um Ard-Oideachas. Leis an Acht seo, foráiltear ceart dlíthiúil do dhaoine aonair faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí a rochtain, an fhaisnéis atá ina seilbh a bhaineann leis/léi a leasú má tá sí neamhiomlán, mícheart nó dá gcuirfeadh sé duine ar míthreoir agus fáthanna a fháil ar chinntí a théann i bhfeidhm air/uirthi féin. Le linn 2019, fuair an ÚAO 39 iarratas ar athbhreithniú agus bhí atreorú amháin ann chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

Cosaint Sonraí

Is próiseálaí sonraí é an tÚdarás um Ard-Oideachas faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Foráiltear sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) go bhfuil sé de cheart ag gach duine go gcosnaítear sonraí pearsanta a bhaineann leis/léi. Ní mór a leithéid de shonraí a phróiseáil go cothrom ar chúiseanna sainiúla agus le toiliú an té lena mbaineann nó ar bhonn eile dlisteanach atá sa dlí. Tá sé de cheart ag gach duine sonraí a rochtain a bailíodh agus a bhaineann leis/léi agus de cheart acu go gceartófar iad.

Tá an ÚAO tiomanta do chinntiú próiseáil dhlíthiúil, chothrom agus thrédhearcach sonraí pearsanta daoine. Déanfaidh an ÚAO gach beart réasúnach chun sonraí pearsanta daoine a choinneáil slán agus a chosaint agus iad ag comhlíonadh dlí Cosanta Sonraí.

Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Polasaí Comhshaoil

Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas tiomanta do sprioc an Rialtais laghdú fuinnimh 33% san Earnáil Phoiblí a ghnóthú faoi 2020 ar aon dul leis an bPlean Gnímh Náisiúnta Éifeachtúlacht Fuinnimh 2009-2020. Aithníonn an ÚAO a dhualgas a chinntiú go mbíonn a laghad tionchair agus is féidir ag a ghníomhaíochtaí ar an gcomhshaoil. Tríd an gCóras Bainistíocht Dramhaíola, tá bearta i bhfeidhm ag an ÚAO a chinntiú ardleibhéal athchúrsáil fuíollábhair agus a laghad dramhaíola agus is féidir dul chuig líonadh talún. D'ídigh an HEA 111,547 kWh de leictreachas in 2019. Ba é sciar inchurtha an ÚAO den ídiú gáis san fhoirgneamh oifige roinnte ná 56,358 kWh in 2019.

RÁITEAS AIRGEADAIS
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31
NOLLAIG 2019

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc na gComhaltaí Boird

Tá an Ráiteas Rialachais agus Tuairisc na gComhaltaí Boird á gcur i láthair de réir an Chóid Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus treoirlinnte a foilsíodh i mí na Samhna 2017.

Rialachas

Cuireadh Bord an Údaráis um Ard-Oideachas ar bun faoin Acht um Ard-Oideachas, 1971. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 3 den Acht. Sannadh feidhmeanna breise don Údarás um Ard-Oideachas faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 2006 agus Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018. Tá an Bord cuntasach don Aire Oideachais agus Scileanna agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Feidhmíonn sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist ghnó. Tá freagracht ar an bPríomhfheidhmeannach (PF) agus ar a fhoireann bainisteoirí sinsearacha as bainistíocht, rialú agus treo rialta lá go lá an Údaráis um Ard-Oideachas. Leanann an PF agus na bainisteoirí sinsearacha an treoir ghinearálta a shocraíonn an Bord agus cinntíonn go bhfuil tuiscint ghlinn ag gach comhalta Boird ar na croíghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht aníos. Feidhmíonn an PF mar theagmhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis um Ard-Oideachas.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Sceideal na nÁbhar atá i Leataobh don Bhord ina bhfuil an t-ábhar a chuirtear i leataobh go saineúil i gcomhair chinneadh de chuid an Bhoird. Áirítear le míreanna seasta atá le breithniú ag an mBord:

- fógra faoi shuimeanna leasaithe,
- tuairiscí ó choistí,
- tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí feidhmíochta
- ábhair i leataobh.

Féachann an Bord le prionsabail dea-chleachtais na hearnála poiblí a chomhlíonadh ina ghníomhaíochtaí féin agus ina úsáid fochoistí.

Tá d'iallach ar an Údarás um Ard-Oideachas, faoi Alt 20 de Sceideal Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971, i bhfoirm a d'fhaomhfadh an tAire Oideachais agus Scileanna le comhthoilíú an Aire Airgeadais, taifead a choinneáil ar gach cuntas cuí agus gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann agus a chaitheann sé, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe.

Nuair a bítear ag réiteach na ráiteas airgeadais seo, tá d'iallach ar Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura cuí glacadh leis go leanfar den oibríocht, agus
- a mhaíomh gur cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon eisceacht ábharach a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta ina nochtar, faoi chruinneas réasúnach ag an am, a staid airgeadais agus trína gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 20 de Sceideal Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971.

Is é an Bord atá freagrach as an bplean gnó agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinne an Bord meastóireacht ar fheidhmíocht an Údaráis um Ard-Oideachas trí thagairt dá phlean gnó bliantúil 2019 ar a chruinniú den 17ú mí na Nollag 2019.

Is é an Bord atá freagrach freisin as a shócmhainní a chumhdach agus, mar sin de, as bearta réasúnta a dhéanamh as calaois a chosc agus a bhrath agus as mírialtachtaí eile. Is é tuairim an Bhoird gur léiriú fíor agus cothrom iad ráitis airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas ar an 31ú Nollaig 2019.

Struchtúr an Bhoird

Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, agus 13 ghnáthchomhalta atá ar Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas agus is é an tAire Oideachais agus Scileanna a cheapann iad uile. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh cúig bliana agus tháinig siad i gceann a chéile 9 n-uaire le linn 2019. Tugtar treoir chuimsitheach do chomhaltaí nua Boird ar an Údarás um Ard-Oideachas agus a chuid feidhmeanna. Sa tábla thíos tá mionsonraí na gComhaltaí Boird i rith na bliana, dáta a gceaptha agus dáta a scoir más cuí.

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha	Dáta Scoir
Michael Horgan	Cathaoirleach	27/07/2016	
Sharon Feeney	Leaschathaoirleach	27/07/2016	
Bahram Bekradhnia	Gnáthchomhalta	27/06/2017	
Darina Kneafsey	Gnáthchomhalta	27/07/2016	
Deirdre Lillis	Gnáthchomhalta	27/11/2017	
Jim Mountjoy	Gnáthchomhalta	27/06/2017	
John Wall	Gnáthchomhalta	27/07/2016	
Judith Eaton	Gnáthchomhalta	27/07/2016	
Lorna Fitzpatrick*	Gnáthchomhalta	01/07/2019	
Lynn Ramsey	Gnáthchomhalta	27/07/2016	
Orla Feely	Gnáthchomhalta	27/07/2016	
Pól Ó Mórain	Gnáthchomhalta	27/07/2016	
Ronan Lyons	Gnáthchomhalta	27/11/2017	
Sinéad O'Flanagan	Gnáthchomhalta	27/07/2016	
Síona Cahill*	Gnáthchomhalta	01/07/2018	30/06/2019
Tony Donohoe	Gnáthchomhalta	27/07/2016	

*Ceaptha don tréimhse ina mbíonn sí i seilbh oifig Uachtarán Aontas na Mac Léinn in Éirinn.

Ceanglaítear ar an mBord in Alt 4.6 i gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 tabhairt faoi athbhreithniú ar fheidhmíocht an Boird uair sa bhliain agus tabhairt faoi mheasúnacht sheachtrach ar a laghad uair gach uile trí bliana. Coimisiúnaíodh Governance Ireland chun tabhairt faoi mheasúnacht ar éifeachtúlacht an Bhoird in 2019. Cuimsíodh suirbhé ar líne, agallaimh duine ar dhuine le comhaltaí Boird agus freastal ar chruinniú boird mar chuid den athbhreithniú seo. Cuireadh na torthaí faoi bhráid an Bhoird i Márta 2020 agus tá na moltaí á meas lena gcur i bhfeidhm.

Struchtúr na Comhairle

Ta Comhairle Chomhairle um Thaighde in Éirinn comhdhéanta de Cathaoirleach, deichniúr gnáthchomhaltaí agus aon chomhalta de bhrí oifige. Is é an tAire Oideachais agus Scileanna a cheapann comhaltaí. Ceapadh comhaltaí na Comhairle ar feadh tréimhse trí bliana agus tagann siad le chéile tuairim is 6 huaire in aghaidh na bliana. Tá dhá folúntas ar an gComhairle i láthair na huaire. Tugtar sonrú ar chomhaltaí den Chomhairle sa tábla thíos mar aon le dáta a ceapadh iad.

Comhalta den Chomhairle	Ról	Dáta Ceaptha
Daniel Carey	Gnáthchomhalta	31/08/2019
Emma Teeling	Gnáthchomhalta	30/11/2018
Felicity Kelliher	Gnáthchomhalta	30/11/2018
Jane Ohlmeyer	Cathaoirleach	30/11/2018
Kieran Conboy	Gnáthchomhaltar	31/08/2019
Peter Brown	Comhalta de bhrí Oifige	09/10/2017
Rob Kitchen	Gnáthchomhalta	30/11/2018
Catherine Godson	Gnáthchomhalta	13/11/2019
Patricia Kearney	Gnáthchomhalta	13/11/2019
Liam Barry	Gnáthchomhalta	13/11/2019

Tá sé fhochoiste ag an mBord ÚAO, mar a leanas:

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chuid freagrachtaí i ndáil le saincheistean a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas. Tá CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cuireann siad léargas neamhspleách ar fáil maidir le rioscaí agus córais bainistithe riosca. Áirithíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an CIR chuig an mBord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmeálta i scríbhinn uair sa bhliain. Tá an CIR comhdhéanta de seisear comhaltaí Boird agus aon chomhalta seachtrach a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta aige. Is iad Sharon Feeney (Cathaoirleach), Lorna Fitzpatrick, Deirdre Lillis, Jim Mountjoy, Sinéad O'Flanagan, Pól Ó Mórain agus comhalta neamhspleách Anne Brady comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca. Bhí chúig chruinniú ag an CIR in 2019.

An Coiste Airgeadais agus Rialachais

Is é ról an Choiste Airgeadais agus Rialachais (A&R) athbhreithniú a dhéanamh agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le leithdháiltí deontais atá beartaithe a thabhairt d'institiúidí ardoideachais agus athbhreithniú a dhéanamh ar chuntais bainistithe, ar bhuiséid agus stad ghinearálta airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas a mheas. Tá a F&G comhdhéanta de sheisear chomhaltaí Boird agus triúr chomhaltaí neamhspleách. Is iad Michael Horgan (Cathaoirleach), Bahram Bekhradnia, Judith Eaton, Darina Kneafsey, Lorna Fitzpatrick agus Jim Mountjoy comhaltaí an choiste seo. Is iad Anne Brady, Michael O'Connell agus Joe Heavey na triúr chomhaltaí neamhspleách. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Airgeadais agus Rialachais in 2019.

An Coiste um Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Is é ról an Choiste um Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (SDMP) tacú leis an mbord i dtaobh maoirseacht a dhéanamh ar chóras comhordaithe institiúidí ardoideachais a cruthú agus a fhorbairt, lena mbaineann misean soiléir, ilghnéitheach i gach cás agus ina bhfuil fócas láidir ar thorthaí agus ar mhaoiniú ar mhaithe le feidhmiúlacht. Tá an SDPM comhdhéanta de dheichniúr comhaltaí Boird. Is iad Tony Donohoe (Cathaoirleach), Michael Horgan, Jim Mountjoy, Darina Kneafsey, Sharon Feeney, Bahram Bekhradnia, Lynn Ramsey, Sinéad O’Flanagan, Ronan Lyons agus John Wall comhaltaí an choiste seo. Bhí ceithre chruinniú ag an SDPM in 2019.

An Coiste um Beartas agus Pleanáil

The role of the Policy and Planning Committee (PPC) is to provide objective analysis and advice across higher education issues, identifying important policy and leadership issues in higher education – both immediate and long-term – in Ireland and internationally. In undertaking this policy analysis, the Committee’s objective is to improve higher education in Ireland, and enhance public accountability, by creating a better-informed policy environment, and by developing practical responses to the strategic issues facing leaders of higher education institutions and public agencies. The PPC comprises nine Board members. The members of this committee are Darina Kneafsey (Chairperson), Judith Eaton, Orla Feely, Pól Ó Mórain, John Wall, Sharon Feeney, Lynn Ramsey, Bahram Bekhradnia and Ronan Lyons. There were four meetings of the Policy and Planning Committee in 2019.

An Coiste um Thaighde agus Oideachas Iarchéime

Is é ról an Choiste um Thaighde agus Oideachas Iarchéime (CTOI) comhleanúnachas i ndáil le beartas a chinntiú idir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, dréachtráitis beartais a ullmhú agus comhairle a thabhairt i dtaobh gnéithe den taighde agus oideachas iarchéime, maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh chuig an mBord agus chuig an gComhairle maidir le beartas taighde agus oideachais iarchéime a chur i bhfeidhm ag an gcóras institiúidí ardoideachais agus chomh-institiúidí chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh curtha ar aghaidh ag an mBord nó ag an gComhairle. Tá a RGE comhdhéanta de sheisear chomhaltaí Boird agus triúr chomhaltaí den Chomhairle. Is iad comhaltaí an choiste: Orla Feely (ÚAO) (Cathaoirleach), Jane Ohlmeyer (CTÉ), Felicity Kelliher (CTÉ), Liam Barry (CTÉ), Lorna Fitzpatrick (ÚAO), Sinéad O’Flanagan (ÚAO), John Wall (ÚAO), Deirdre Lillis (ÚAO) agus Ronan Lyons (ÚAO). Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Thaighde agus Oideachas Iarchéime in 2019.

An Coiste Achomhairc Pinsin

Is é ról an Choiste Achomhairc Pinsin (CAP) feidhm reachtúil sannta ar an tÚdarás um Ard-Oideachas a chur i bhfeidhm, is é sin achomhairc pinsin a chuireann foireann Ollscoile ar aghaidh faoi Sceideal 5 d'Acht na nOllscoileanna, 1997 a mheas. Tugtar cinneadh an Údaráis um Ard-Oideachais maidir le achomhairc dá leithéidí le toiliú ón Aire Oideachais agus Scileanna agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is iad Michael Horgan (Cathaoirleach), Bahram Bekhradnia, John Wall agus Lorna Fitzpatrick comhaltaí an choiste seo. Ní thagann an coiste le chéile ach amháin sa chás go bhfuil achomharc pinsin i gceist. Ní raibh gá an coiste seo a thionól in 2019.

Sceideal Freastail

Tá sceideal freastail ag cruinnithe Boird agus Coiste don bhliain 2019 leagtha amach thíos:

	An Bord	Coiste Iniúchta & Riosca	An Coiste Airgeadais agus Rialachais	An Coiste um Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta	An Coiste um Beartas agus Pleanáil	An Coiste um Thaighde agus Oideachas Iarchéime
An Lón Cruinnithe	9	5	6	4	4	4
Michael Horgan - Chairman	9/9	n/a	6/6	3/4	n/a	n/a
Bahram Bekhradnia	9/9	n/a	4/6	2/4	2/4	n/a
Orla Feely	8/9	n/a	n/a	n/a	3/4	3/4
Sinéad O'Flanagan	9/9	3/5	n/a	4/4	n/a	4/4
Lorna Fitzpatrick	4/4*	2/2*	3/3*	n/a	n/a	2/2*
Deirdre Lillis	9/9	5/5	n/a	n/a	4/4	4/4
Ronan Lyons	8/9	n/a	n/a	4/4	1/4	3/4
Jim Mountjoy	9/9	5/5	5/6	3/4	n/a	n/a
Lynn Ramsey	8/9	n/a	n/a	4/4	4/4	n/a
John Wall	9/9	n/a	n/a	2/4	4/4	1/4
Sharon Feeney	9/9	5/5	n/a	3/4	4/4	n/a
Tony Donohoe	8/9	n/a	n/a	4/4	n/a	n/a
Judith Eaton	8/9	n/a	5/6	n/a	3/4	n/a
Pól Ó Mórain	9/9	5/5	n/a	n/a	4/4	n/a
Darina Kneafsey	7/9	n/a	5/6	4/4	3/4	n/a
Síona Cahill	4/5*	2/3*	0/3*	n/a	n/a	0/2 *

*Ceaptha don tréimhse ina mbíonn sí ina hUachtarán ar Aontas na Mac Léinn in Éirinn.

Tá sonraí i ndáil le táillí agus costais chomhaltaí Boird ar fad le fáil i Nóta 18 leis na Ráitis Airgeadais.

Athruithe ar Phríomhphearsana

D'éirigh Síona Cahill as an mBord an 30 Meitheamh 2019 i ndiaidh di a tréimhse oifige ina hUachtarán ar Aontas na Mac Léinn in Éirinn a críochnú. Lorna Fitzpatrick a tháinig ina háit.

D'éirigh an Príomhfheidhmeannach eatramhach Paul O'Toole as i nDeireadh Fómhair 2019 agus ceapadh Alan Wall mar an Príomhfheidhmeannach nua i nDeireadh Fómhair 2019.

D'éirigh Mary Farrelly as post an Chinn Airgeadais i Márta 2019 agus Pearl Cunningham a ceapadh ina háit. D'fhág Gemma Irvine post an Chinn Beartais agus Pleanála i mí Iúil 2019 agus ceapadh Tim Conlon ina háit.

Nochtuithe a Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

An Bord atá freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás um Ard-Oideachas ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe a leanas faoin gCód:

Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

Leagtar amach sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe a sháraíonn €60,000 i nóta 17. Ní raibh aon íocaíochtaí foirceanta in 2019.

Costais Chomhairleoireachta

Muirearaíodh costais chomhairleoireachta chuig costais oibriúcháin:

	2019	2018
	€'000	€'000
Athbhreithnithe Rialachais	138	152
Dearadh Bunachair Sonraí	139	108
Comhairle Cánach agus Achtúireach	27	26
Iníúchadh Inmheánach	33	20
Comhairle GDPR	76	18
Táillí Dlí	81	78
Taighde i ndáil le Beartas	424	298
Athbhreithnithe Seachtracha agus Comhairleach	375	248
Tacaíocht Iarchéime Marie Curie	90	90
Eile	47	17
	1,430	1,055

Costais agus Socraíochtaí Dlí

Ní raibh aon chostais dlí ag baint leis an tréimhse tuairiscithe maidir le socraíochtaí, imeachtaí comhréitigh ná eadrána. Ní chuimsítear caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ginearálta dlí a fuair an tÚdarás um Ard-Oideachas agus a nochtaítear sna costais chomhairleoireachta thuas.

Costais Taistil agus Cothabhála

Déantar costais taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2019	2018
	€'000	€'000
Éire		
An Bord	13	11
Fostaithe	97	108
Idirnáisiúnta		
Bord	25	25
Fostaithe	65	120
Iomlán	200	264

Caiteachas Fáilteachais

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2019	2018
	€'000	€'000
Foireann	2	0
An Bord	2	0
Tríú Páirtithe	2	2
Iomlán	6	2

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don bhliain 2019 a chinntiú. Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don bhliain 2019 á chomhlíonadh ag ÚAO seachas i ndáil leis na saincheisteanna soláthair, leagtar amach sonraí ina leith sa Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Airgeadais .

Thar cheann Bhoird an Údaráis um Ard-Oideachais:



Michael Horgan

Cathaoirleach

Dáta: 26^ú Meitheamh 2020

Ráiteas maidir le Córas um Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhoird an Údaráis um Ard-Oideachais, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Glactar san áireamh sa fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach leagtha amach chun riosca go leibhéal inghlactha a bhainistiú seachas é a chur as an áireamh ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas dearbhú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBord an Údaráis um Ard-Oideachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

An Acmhainn Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ag an Údarás um Ard-Oideachais atá comhdhéanta de seisear comhalta Boird agus aon chomhalta seachtrach a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta aige. Tháinig an CIR le chéile cúig huaire le linn na bliana 2019.

Cuirtear feidhm iniúchta inmheánaigh an Údaráis Ard-Oideachais amach ar conradh chuig cuideachta cuntasáiochta ghairmiúil, ASM i ndiaidh próisis tairisceana faoi chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais. Cheadaigh an CIR Plean Iniúchta Inmheánaigh 2019 thar cheann an Bhoird. Cuimsítear athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha seo ar bhonn bliantúil sa plean seo.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an Údarás um Ard-Oideachais ina leagtar amach inghlachtacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus na róil agus freagrachtaí atá ar bhaill foirne

maidir le riosca. Tá an beartas seo eisithe ar an bhfoireann ar fad a bhfuiltear ag súil a bheidh ag obair laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an Údaráis um Ard-Oideachais, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a bheadh ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh do rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachais a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir. Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Údarás um Ard-Oideachais agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an bhainistíocht an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú gach sé mhí agus déanann an CIR é a athbhreithniú. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar an fhreagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Freagraíochtaí agus údarás na bainistíochta a shainmhíniú agus a dhoiciméadú go soiléir.
- Cuntasacht shoiléir a chinntiú don bhainistíocht.
- Nósanna imeachta foirmeálta a bhunú trí fheidhmeanna éagsúla coiste d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus acmhainní an eagraíochta a chosaint.
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Cultúr láidir cuntasáiochta a fhorbairt ar fud na heagraíochta.
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a ghlacadh agus cloí leis.

- Éifeachtúlacht an Bhoird a athbhreithniú.
- A chinntiú go gcuimsítear Coiste Iniúchta agus Riosca gníomhach, feidhm iniúchta inmheánaigh agus tuairisciú rialta chuig an mbord maidir le torthaí airgeadais sa timpeallacht rialaithe.

Tá an córas um rialú inmheánach bunaithe ar chreat eolais bainistíochta rialta, beartais agus nósanna imeachta lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmhligin agus cuntasachta. Tá na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm, ach go háirithe:

- Tá príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú;
- Córas buiséadaithe chuimsithigh lena mbaineann buiséad bliantúil, a dhéanann an Bord a athbhreithniú agus a chomhaontú. Cuimsítear próiseas pleanála gnó mhionsonraithe ann.
- Tá athbhreithniú rialta á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomórtas le buiséid.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachais chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte soláthair reatha, mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, á gcomhlíonadh.

Tabhaíodh €172,215 i gcaiteachas le linn 2019 nuair nach raibh na nósanna imeachta a chuireadh i bhfeidhm ag cloí leis na treoirlínte soláthair.

Baineann €142,115 le seirbhísí a chuir gníomhaireachtaí earcaíochta ar fáil. Tá an tsuim seo comhdhéanta de thuarastal, ÁSPC an fhostóra agus íocaíochtaí coimisiún a rinneadh le foireann sealadacha. Tá creat curtha i bhfeidhm chun foireann


shealadach a sholáthair agus tá an ÚAO go hiomlán comhlíontach maidir leis na seirbhísí seo a sholáthar.

Baineann €30,100 le dearadh gréasáin agus seirbhísí cothabhála a sholáthar. Tá socruithe i bhfeidhm ag an ÚAO chun a chinntiú gur soláthraíodh na seirbhísí seo de réir threoirlínte soláthair maidir le suimeanna suas le €25,00, ach bhí seirbhísí eile de dhíth le linn na bliana 2019 a mba chúis leis an sárú i soláthar.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachais chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann obair na n-iniúcháirí inmheánacha, an Coiste Iniúcháirí agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, na hiniúcháirí seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach san Údarás um Ard-Oideachais atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil obair mhonatóireachta agus athbhreithnithe an Údarais um Ard-Oideachais ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2019. Níor aithníodh aon laigí i rialú, seachas an soláthar neamhchomhlíontach thuasluaite, le linn na tréimhse tuairiscithe a dteastaíonn iad a nochtadh sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach.



Michael Horgan
Cathaoirleach

Dáta: 26^ú Meitheamh 2020

Thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás um Ard-Oideachas

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Údaráis um Ard-Oideachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 faoi réir fhorálacha Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 1971. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar ioncam agus ar chaiteachas don bhliain dar gcríoch 2019 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn*.

An bonn atá leis an tuairim

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an Údarás agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an Údarás. Áirítear achoimre ar shocrúithe rialachais chorparáidigh, ráiteas rialachais agus tuarascáil ó chomhaltaí an Bhoird, ráiteas ar an gcóras um rialú inmheánach agus sceideal i ndáil le deontas ioncaim.

Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo.

Níl tuairisc ar bith le tabhairt agam i leith na n-ábhar sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2020

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltáí an Bhoird

Tá comhaltáí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 1971
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasafóchta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971 ráitis airgeadais an Údaráis a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhu réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhu réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaos nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloim le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaos nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúcháireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaos seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuisceant a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Oiriúnacht na mbeartas cuntasafóchta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasafóchta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.
- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasafóchta a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas, maidir le cibé acu a bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach

bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Údaráis leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtuithe dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith mar chúis leis an Údarás scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le – i measc ábhair eile – scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithníim le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí stáit a fhaigheann maoiniú suntasach ón Stát maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaim fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na gcríoch dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu. Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasafóchta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasafóchta.

Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Ioncam			
Deontais Oireachtais	2	1,366,496	1,239,166
Deontais eile	3	21,212	15,493
Ioncam Eile	4	11,818	8,890
Glan-mhaoiniú iarchurtha do Sochair Scoir	19(a)	1,296	1,106
		<u>1,400,822</u>	<u>1,264,655</u>
Lúide			
Leithdháileadh do Chuspóirí Caipitil	9	(148)	(143)
		<u>1,400,674</u>	<u>1,264,512</u>
Caiteachas			
Deontais Iníoctha	5	1,388,437	1,255,037
Caiteachas Oibriúcháin	6	11,768	10,775
Ús		103	51
		<u>1,400,308</u>	<u>1,265,863</u>
Barrachas / (Easnamh) roimh Aistrithe ón gCaipiteal		366	(1,351)
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil	9	105	93
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		471	(1,258)
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh an 1 Eanáir		1,592	2,850
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig		2,063	1,592

Tá athrangú déanta ar suimeanna Ioncaim agus Caiteachais 2018 - Féach Nóta 13.
Tá Nótaí 1 go 22 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.
Baineann na nithe ioncaim agus caiteachais ar fad le gníomhaíochta leanúnacha.



Michael Horgan
Cathaoirleach

Dáta: 26^ú Meitheamh 2020



Alan Wall
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26^ú Meitheamh 2020

Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		471	(1,258)
Gnóthachan (Caillteanas) Achtúireach ar Shócmhainní (Dhliteanais) Sochair Scoir	19(d)	(2,495)	670
Coigeartú ar Mhaoiniú larchurtha do Shochair Scoir		<u>2,495</u>	<u>(670)</u>
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Bhliain		<u>471</u>	<u>(1,258)</u>
Tá Nótaí 1 go 22 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.			



Michael Horgan
Cathaoirleach

Dáta: 26ú Meitheamh 2020



Alan Wall
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26ú Meitheamh 2020

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Sócmhainní Neamh-Reatha			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	8	<u>207</u>	<u>164</u>
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	10	5,734	715
Banc agus Airgead Tirim Coibhéiseach	7	<u>36,540</u>	<u>40,324</u>
		42,274	41,039
Dliteanais Reatha			
Suimeanna Iníoctha agus Caiteachas Fabhraithe	11	<u>40,211</u>	<u>39,447</u>
Glan-Sócmhainní Reatha		<u>2,063</u>	<u>1,592</u>
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Oibleagáidí Sochair Scoir		2,270	1,756
Maoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir	19(e)	33,969	30,138
Dliteanais Sochair Scoir	19(e)	<u>(33,969)</u>	<u>(30,138)</u>
Glan-Sócmhainní Iomlána		<u>2,270</u>	<u>1,756</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Cúlchiste Caipitil	9	207	164
Cúlchiste Ioncaim	12	<u>2,063</u>	<u>1,592</u>
		<u>2,270</u>	<u>1,756</u>

Tá Nótaí 1 go 22 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Michael Horgan
Cathaoirleach

Dáta: 26ú Meitheamh 2020



Alan Wall
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26ú Meitheamh 2020

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch Dé Máirt 31 Nollaig 2019

	2019 €'000	2018 €'000
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain	471	(1,258)
Dímheas agus lagú ar shócmhainní seasta	105	93
(Ardú)/ Laghdú ar Infháiltais	(5,019)	359
Ardú/ (Laghdú) ar Shuimeanna Iníochta	774	(1,488)
Ús Íochta	103	45
Leithdháileadh chun Caiteachas Caipitil a Mhaoiniú	148	143
Aistriú ón gCuntas Cúlchiste Caipitil	(105)	(93)
Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(3,523)	(2,199)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a cheannach	(159)	(143)
Fáltais ó Shócmhainní Seasta a dhíol	11	0
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(148)	(143)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais		
Ús Íochta	(113)	(45)
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais	(113)	(45)
(Laghdú) ar Airgead Tirim agus Comhluach in Airgead Tirim	(3,784)	(2,387)
Airgead Tirim agus Comhluach in Airgead Tirim ag tús na bliana	40,324	42,711
Airgead tirim agus Comhluach in Airgead Tirim ag deireadh na bliana	36,540	40,324

Tá Nótaí 1 go 22 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Michael Horgan
Cathaoirleach

Dáta: 26ú Meitheamh 2020



Alan Wall
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 26ú Meitheamh 2020

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Bunaíodh an tÚdarás um Ard-Oideachas an 15 Bealtaine 1972 chun feidhmeanna a sannadh air le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971 a chomhlíonadh. Leagtar amach torthaí an Údaráis um Ard-Oideachais don bhliain dár gcríoch an 31 Nollaig 2019 sna ráitis airgeadais agus déantar é a chur i gcomparáid ann leis an mbliain dar gcríoch an 31 Nollaig 2018.

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais cuntasaíochta shuntasacha atá glactha ag an Údarás um Ard-Oideachas leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go seasta iad.

a) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costas stairiúil athraithe agus de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102. Tá na ráitis airgeadais sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a meastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas díolmhaithe ó Cháin Chorporáideach faoin Ordú um Stádas Carthanachta. Ar an mbonn sin, níor cuimsíodh cáin maidir le Cáin Chorporáideach sna Ráitis Airgeadais.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe agus tá siad de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn. Is iad na Caighdeáin Chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsíú ag Cuntasóirí Cairte Éireann agus arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

I gcomhréir le Ciorcalán DPER 21/2015 maidir le FRS 102, tá na ráitis airgeadais seo comhdhéanta den Ráiteas maidir le hloncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach, Ráiteas ar an Staid Airgeadais agus Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid. Chomh maith leis sin, tá nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais.

b) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ina gcuimsítear troscán, trealamh agus ríomhairí ag costas lúide dímheas carntha agus soláthar i ndáil le lagaithe más infheidhme.

Caipitliú

Tá costas sócmhainne chomhdhéanta de luach ceannaigh na sócmhainne móide aon chostas atá inchurtha go díreach leis an sócmhainn a chur ag obair don úsáid dá bhfuil sí beartaithe. Muirearaítear troscán agus trealamh atá faoin suim tairsí caipitlithe chuig an Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain inar ceannaíodh iad. Is ionann an suim tairsí caipitlithe agus €3,000.

Dímheas

Déantar dímheas a ríomh chun costas bunaidh na sócmhainne a dhíscríobh nó an tsuim athluacháilte lúide an luach iarmharach measta ar bhonn na líne dírí thar thréimhse a saolré eacnamaíoch fhónta mar seo a leanas

Troscán agus Trealamh	-	10 mbliana
Mótarfheithiclí	-	5 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	-	3 bliana

c) Cúlchiste Caipitil

Is ionann an cúlchiste caipitil agus an glanmhéid a caitheadh ar sócmhainní seasta inláimhsithe atá maoinithe ag deontais ón Státchiste. Déantar na deontais a amhúchadh chuig ioncam thar thréimhse a saolré eacnamaíoch fhónta ag teacht le beartas dímheasa.

d) Ioncam

Tugtar cuntas ar dheontais Oireachtais agus ioncam deontais eile ar bhonn fabhrúithe. Tugtar cuntas ar ioncam eile lena n-áirítear ioncam ó thograí taighde ar bhonn fabhrúithe.

e) Airgeadra Eachtrach agus Airgeadra Feidhmeach

Déantar nithe a áirítear sna ráitis airgeadais a léiriú i “Euro”, airgeadra a úsáidtear sa príomhthimpeallacht eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas, (an “t-airgeadra feidhmeach”).

Déantar idirbhearta a sonraithe in airgeadra eachtrach le linn na bliana a aistriú ag an ráta malartaithe a bhí ag rialú ag dáta an idirbhirt. Malartaítear sócmhainní agus dliteanais sonraithe in airgeadra coigríche go Euro ag ráta malartaithe a bhí ag rialú amhail dháta an Ráitis maidir le Staid Airgeadais. Pléitear leis na mbrabúis nó leis na caillteanais a d'eascas as sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

f) Caiteachas Deontais

Is léargas iad na deontais iníoctha ar na deontais a leithdháiltear ar institiúidí ardoideachais agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí éagsúla eile, chun na críche ardoideachas maidir leis an mbliain airgeadais.

g) Sochair Scoir

Is léiriú iad na costais sochair scoir ar na sochair phinsin a shaothraíonn fostaithe sa bhliain atá i gceist agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Aithnítear suim a thagann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus go ndéantar é a fhritháireamh le deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Déantar costais sochair scoir a mheas faoi FR 102 de réir chomhairle achtúireach bunaithe ar na luachálacha agus boinn tuisceana achrúireacha arna gcinneadh ag an achtúire.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanas scéime sa Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Léiríonn Dliteanais sochair scoir luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn sochar scoir iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le hin-aisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tá Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) i bhfeidhm freisin san Údarás um Ard-Oideachas ar scéim pinsin sochair shainithe atá i gceist do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair anonn chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar nuashonrú gach bliain ar na boinn tuisceana achtúireacha ar a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais bunaithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rataí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta costais cúraim leighis) bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus aon athrú ábhartha i dtaobh téarmaí agus coinníollacha an tsochair scoir agus ar phleananna iar-scoir.

Tá a leanas ábalta cur isteach ar na boinn tuisceana sin:

- i. An ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáide ardchaighdeán
- ii. Leibhéil chúitimh a bheidh ann amach anseo, cúinsí an mhargaidh saothair amach anseo

Tá na gnáthbhoinn tuisceana achtúireacha ualaithe a chuirtear i bhfeidhm agus cinneadh á dhéanamh maidir le sochar scoir chomh maith le dliteanais iar-scoir eile i Nóta 19. Cé go gcreideann bainistíocht go bhfuil na boinn tuisceana a úsáidtear oiriúnach, d'fhéadfadh éifeacht a bheith ag éagsúlachtaí i dtaithí nó athruithe sna boinn tuisceana ar na hoibleagáidí agus ar na costais a aithnítear i dtréimhsí cuntasaíochta amach anseo. D'fhéadfadh sócmhainní agus dliteanais na scéimeanna sochair scoir sainithe luaineacht shuntasach a léiriú tréimhse in aghaidh tréimhse, luaineacht a bhaineann go príomha le hathruithe i dtorthaí bannaí agus i bhfadsaolaí. Chomh maith le ranníocaíochtaí amach anseo, d'fhéadfadh ranníocaíochtaí suntasacha a bheith de dhíth ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun easnaimh a tharla cheana a chur ina gceart.

h) Léasanna Oibríochta

Muirearaítear caiteachas cíós maidir le léasanna oibríochta chuig an Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar thréimhse an léasa. Déantar caiteachas a aithint ar bhonn líne dírí thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil ceangal idir mhéaduithe cíosa agus ráta boilscithe measta, agus déantar na méaduithe sin a aithint nuair a tabhaítear iad. Déantar aon dhreasachtaí léasa a aithint thar thréimhse an léasa.

i) Breithiúnais agus Meastacháin Suntasacha Chuntasaíochta

D'fhoill na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an Ráitis maidir le Staid Airgeadais. agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana lena mbaineann bunaithe ar thaithí stairiúla agus ar chúinsí eile a mheastar iad a bheith ábhartha. D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith idir fiorthorthaí na meastacháin sin.

2. Deontais Oireachtais

	€'000	€'000
An Roinn Oideachais agus Scileanna Vóta 26		
Fo-mhírcheann CO44 Ginearálta	1,004,955	1,007,367
Fo-mhírcheann C10.2 Aoisliúntas	21,550	21,550
Fo-mhírcheann C11 Rochtain	27,152	25,418
Fo-mhírcheann C16 Caipiteal	53,499	29,624
Fo-mhírcheann C12 Taighde	50,709	38,292
Fo-mhírcheann C15 Ilchineálach	25	-
Fo-mhírcheann CO3 Riarachán	7,782	6,515
Dírithe ar Mhargadh Saothair NTF	120,100	37,000
Printiseacht NTF	37,000	32,000
Springboard NTF	32,925	28,600
	<u>1,355,697</u>	<u>1,226,366</u>
An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta		
Vóta 32 Fo-mhírcheann B5 Taighde Caipitil	10,799	12,800
	<u>1,366,496</u>	<u>1,239,166</u>

3. Deontais eile

	2019 €'000	2018 €'000
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	2,530	1,002
An Roinn Oideachais agus Scileanna	1,082	997
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	1,536	1,508
An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	1,532	1,330
EU Erasmus+	14,532	10,656
	<u>21,212</u>	<u>15,493</u>

Is trí Nóta sna ráitis airgeadais a rinneadh Ioncam agus Caiteachas Erasmus+ a nochtadh i mblianta roimhe seo.

4. Ioncam Eile

	2019 €'000	2018 €'000
Páirtithe Taighde	11,814	8,890
Éagsúil	<u>4</u>	<u>0</u>
	<u>11,818</u>	<u>8,890</u>

5. Deontais Iníochtha	2019 €'000	2018 €'000
Deontais Athfhillteacha		
Príomhdheontais	674,483	613,019
Mionoibreacha	639	639
Aisghabháil Táillí	303,800	288,621
Altranas	45,030	42,502
Tionscnaimh Straitéiseacha	103,621	96,867
Tionscnamh LINC	1,536	1,508
Tionscnamh i leith na Gaeilge	1,532	1,330
Soghluaisteacht Acadúil & Scoláireachtaí GOI	1,149	1,100
Ollscoileanna na hEorpa	127	0
Printíseachtaí	37,000	32,000
Aoisliúntas	<u>21,550</u>	<u>21,550</u>
Athfhillteach Iomlán	1,190,467	1,099,136
Deontais Springboard		
Springboard	26,930	20,111
Scileanna TFC	<u>5,762</u>	<u>11,540</u>
Springboard Iomlán	32,692	31,651
Deontais Rochtana		
Mic Léinn faoi Mhíchumas	11,070	10,777
Ciste Cúnamh do Mhic Léinn	9,492	9,876
Clár chun Rochtain a fháil ar Ard-Oideachas	<u>6,608</u>	<u>4,743</u>
Rochtain Iomlán	27,170	25,396
Erasmus	14,259	10,398
Deontais Chaipitil		
Foirgnimh	44,201	21,205
Trealamh	<u>9,298</u>	<u>8,419</u>
Caipiteal Iomlán	53,499	29,624
Deontais Taighde		
PRTLÍ	17,899	19,292
Taighde CTÉ	52,393	39,540
Cúnamh Éireann	<u>58</u>	<u>0</u>
Taighde Iomlán	70,350	58,832
Deontais Iomlán Iníochtha	<u>1,388,437</u>	<u>1,255,037</u>

6. Caiteachas Oibriúcháin

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Tuarastail		4,949	4,564
Sochair Scoir	19(b)	1,640	1,412
Taisteal agus Cothabháil		200	264
Fáilteachas		6	2
Oiliúint agus Forbairt		53	60
Dímheas		105	93
Costais Bhunaithe		1,112	1,142
Teicneolaíocht an Eolais		314	185
Forchostais Cláir		593	569
Sainchomhairleoireacht		1,430	1,055
Earcaíocht		40	69
Measúnóirí agus Comhaltaí Painéil		625	721
Táillí Iniúchta		48	28
Foilseacháin agus Seimineáir		514	527
Táillí na gComhaltaí Boird		74	73
Forchostais Eile		65	11
		<u>11,768</u>	<u>10,775</u>

7. Banc agus Airgead Tirim Coibhéiseach

	2019 €'000	2018 €'000
Iarmhéideanna Banc	7,739	40,323
Nótaí Cistíochta	28,800	0
Airgead tirim	1	1
	<u>36,540</u>	<u>40,324</u>

Rinne an ÚAO infheistíocht i Nótaí Cistíochta Lárnaí le NTMA le linn na bliana 2019 chun tionchar mhuirear úis dhiúltaigh a laghdú.

8. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Mótar Feithiclí €'000	Troscán & Trealamh €'000	Trealamh Ríomhaireachta €'000	2019 Iomlán €'000	2018 Iomlán €'000
Costas					
Costas nó Luacháil amhail an 1 Eanáir 2019	17	1,890	2,341	4,248	4,105
Suímeanna Breise	0	99	60	159	143
Díúscairtí	(17)	(1)	(17)	(35)	(0)
Amhail an 31 Nollaig 2019	<u>0</u>	<u>1,988</u>	<u>2,384</u>	<u>4,372</u>	<u>4,248</u>
Dímheas					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019	6	1,833	2,245	4,084	3,991
Muirear don bhliain	0	20	85	105	93
Dímheas ar Dhiúscairtí	(6)	(1)	(17)	(24)	(0)
Amhail an 31 Nollaig 2019	<u>0</u>	<u>1,852</u>	<u>2,313</u>	<u>4,165</u>	<u>4,084</u>
Glanluach Leabhair amhail an 31 Nollaig 2019	<u>0</u>	<u>136</u>	<u>71</u>	<u>207</u>	<u>164</u>
Glanluach Leabhair amhail an 31 Nollaig 2018	11	57	96	164	114

Nóta	2019	2018
	€'000	€'000

9. Cúlchiste Caipitil

Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	164	114
Deontas Oireachtais	148	143
An tsuim a nochtadh chuig Dímheas Ioncaim	8	(93)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<u>207</u>	<u>164</u>

10. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

	2019	2018
	€'000	€'000
Deontais Infhaighte*	5,214	271
Réamhíocaíochtaí	520	444
	<u>5,734</u>	<u>715</u>

Níl aon suim ann a bheidh dlite tar éis bliana nó níos faide.

*Áirítear réamhíocaíocht €5m chuig Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí (ITT) sna Deontais Infhaighte. Tá ITT, an ÚAO agus an Roinn Oideachais agus Scileanna ag teacht ar shocrú maidir leis na téarmaí réamhíocaíochta.

11. Suimeanna Iníoctha agus Caiteachas Fabhráithe

	2019	2018
	€'000	€'000
Deontais Stáit Iarchurtha	14,741	17,452
Deontais Erasmus+ Iarchurtha	3,715	7,524
Deontais Taighde Iarchurtha	4,020	4,584
Fabhrúithe Deontais	14,839	7,942
Fabhrúithe Eile	858	1,189
Creidiúnaithe Eile	2,038	756
	<u>40,211</u>	<u>39,447</u>

Níl aon suim ann a bheidh dlite tar éis bliana nó níos faide.

12. Cúlchiste Ioncaim

	2019	2018
	€'000	€'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	1,592	2,850
Barrachas / (Easnamh) don bhliain	<u>471</u>	<u>(1,258)</u>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<u>2,063</u>	<u>1,592</u>

13. Athrangaithe 2018

	Nótaí	Bunaidh 2018 €'000	Athrangúcháin Erasmus le hAthrangú €'000	Athrangaithe 2018 €'000
Deontais Oireachtais	2	1,246,057	(6,891)	1,239,166
Deontais eile	3	-	4,837	15,493
Ioncam Eile	4	7,088	1,802	8,890
Ús		(45)	45	-
Glan-mhaoiniú larchurtha		1,106		1,106
Ioncam Iomlán		1,254,206	(207)	1,264,655
Leithdháileadh do Chaipiteal		(143)		(143)
Deontais Athfhillteacha/Rochtana	5	(1,156,183)	1,156,183	-
Deontais Caipitil	5	(29,624)	29,624	-
Deontais Taighde	5	(58,832)	58,832	
Deontais Iníoctha	5		(1,244,639)	(10,398)
Caiteachais Oibriúcháin		(10,775)		(10,775)
Ús			(45)	(6)
Caiteachas Iomlán		(1,255,414)	(45)	(10,404)
Easnamh roimh Aistrúithe		(1,351)		(1,351)
Aistriú ón gCaipitil		93		93
Easnamh don Bhliain		(1,258)	(252)	252

- Léirítear glanioncam deontais Erasmus+ de €10,656k in Ioncam anois, cé gur €252k amháin, gné riaracháin an deontais seo, a léiríodh roimh seo in Ioncam faoi Ioncam Eile agus is mar gheall ar sin go léirítear ioncam eile mar easnamh anois agus go léirítear Erasmus mar barrachas. Léirítear Deontais Erasmus iníoctha €10,398k agus ús €6k lena mbaineann i gCaiteachas.
- Deontais eile athrangaithe ó Dheontais Oireachtais agus léirítear as féin.
- Íocaíochtaí deontais athrangaithe ó Dheontais Athfhillteacha, Rochtana, Caipitil agus Taighde go Deontais Iníoctha.
- Ús athrangaithe mar caiteachas seachas ioncam diúltach.

14. Cóiríocht a Léasú

Tá na háitribh ag 3 Shelbourne Buildings, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 faoi dhá chomhaontú tionóntachta ar leith. Is faoi chomhaontú 25 bhliana ó Bealtaine 2001 atá an chéad urláir agus athbhreithniú cíosa 5 bhliana i gceist leis agus costas bliantúil €521k.

Is faoi chomhaontú 25 bhliana ó Samhain 2001 atá an chéad urláir agus athbhreithniú 5 bhliana i gceist leis agus costas bliantúil €320k. Shínigh an ÚAO Gníomhas Athraithe maidir lena léas i Lúnasa 2015. Tiocfaidh deireadh leis an léas an 31 Márta 2026.

Laghdaíodh an cíos i Lúnasa 2015, mar seo a leanas: - Urlár na Talún go €281k agus an Chéad Urlár go €456k. Ní áirítear na costais a bhaineann le páirceáil cairr sna figiúirí cíosa. An 31 Márta 2021 a dhéanfar an chéad athbhreithniú eile ar chíos.

Is mar a leanas atá íosmhéid íocaíochtaí léasa amach anseo faoi léasanna oibriúcháin neamh-incheallaithe:

	2019 €'000	2018 €'000
Laistigh den 1 bhliain	737	737
Idir 1 agus 5 bhliana	2,946	2,948
I ndiaidh 5 bhliana	921	1,658
	4,604	5,343

15. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh coigeartú ar na figiúirí comparáideacha ón mbliain roimhe sin chun bheith ag teacht leis na hathruithe ar chur i láthair sna ráitis airgeadais seo.

16. Páirtithe Gaolmhara

Corpraíodh HEAnet Ltd. mar chomhlacht teoranta ag Ráthaíocht gan scairchaipiteal i mí na Samhna 1997. Feidhmíonn sé ar bhonn neamhbhrabúsach. Corpraíodh fochuideachta, EduCampus Services DAC in Aibreán 2015. Is gnathchomhalta de chuid an chomhlachta é an tÚdarás um Ard-Oideachas. Gnáthchomhaltaí eile de chuid an chomhlachta is ea institiúidí ardoideachais agus an Roinn Gnó Fiontar agus Nuálaíochta Ba ionann na deontais iomlán a d'íoc an HEAS chuig an HEAnet Group agus €18.6m in 2019 (€20.3m in 2018).

17. Sochair d'Fhostaithe

Tugtar sonraí sa tábla thíos ar an réimse sochair d'fostaithe ar fad maidir le fostaithe a shaothraíonn €60,000 nó níos mó:

	2019	2018
Réimse	Líon na bhfostaithe	Líon na bhfostaithe
€60,000 go dtí €69,999	13	9
€70,000 go dtí €79,999	7	4
€80,000 go dtí €89,999	4	5
€90,000 go dtí €99,999	5	4
€100,000 go dtí €109,999	1	2
€110,000 go dtí €119,999	0	0
€120,000 go dtí €129,999	0	0
€130,000 go dtí €139,999	0	1
€140,000 go dtí €149,999	1	0
€150,000+,	0	0
	31	25

Ba ionann an líon na bhfostaithe ar an meán (comhionann lánaimseartha) le linn na bliana agus 71 in 2019 (2018:63), ní háirítear poist Chomhairle um Thaighde in Éirinn maoinithe ag an AE agus foireann gníomhaireachta sealadach. Tugtar léargas sa tábla thuas ar líon na bhfostaithe a cuireadh a sochair fostaithe iomlán i mbandaí faoi seach. Níor íocadh ragobair ná liúntas in 2019.

18. Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá príomhphearsanra bainistíochta san Údarás um Ard-Oideachas comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach agus comhaltaí den bhord. Ba ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus costais na gComhaltaí agus luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh agus €322,683 (2018: €277,880).

a) Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

	Luach saothair 2019 €	Costais 2019 €	2019 Iomlán €	2018 Luach Saothair €	2018 Costais €	2018 Iomlán €
Alan Wall (PF)						
Tuarastal	27,987	0	27,987	0	0	0
Pinsean	6,756	0	6,756	0	0	0
	<u>34,743</u>	<u>0</u>	<u>34,743</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>0</u>
Paul O'Toole (PF eatramhach)						
Tuarastal	164,235	2,273	166,508	29,962	683	30,645
Carr BIK	9,270	0	9,270	1,800	0	1,800
	<u>173,505</u>	<u>2,273</u>	<u>175,778</u>	<u>31,762</u>	<u>683</u>	<u>32,445</u>
Graham Love (Iarr PF)						
Tuarastal	0	0	0	132,883	3,180	136,063
IOMLÁN	208,248	2,273	210,521	164,645	3,863	168,508

Bhain socruithe pinsin caighdeánacha na hearnála poiblí le Alan Wall, Paul O'Toole agus Graham Love. Ní raibh feidhm ag bónaís a bhain le feidhmíocht.

b) Táillí agus Costais Chomhaltaí Boird

Comhalta Boird	2019 Táillí €	Costais 2019 €	2019 Iomlán €	2018 Táillí €	Costais 2018 €	2018 Iomlán €
Michael Horgan - Cathaoirleach	11,970	232	12,202	11,970	214	12,184
Bahram Bekhradnia	7,695	5,938	13,633	7,695	4,462	12,157
Orla Feely	0	0	0	0	221	221
Sinéad O'Flanagan	7,695	4,646	12,341	7,695	7,745	15,440
Michael Kerrigan	0	0	0	3,848	213	4,061
Deirdre Lillis	0	-	0	0	631	631
Ronan Lyons	0	0	0	0	0	0
Jim Mountjoy	7,695	0	7,695	7,695	0	7,695
Lynn Ramsey	0	1,333	1,333	0	2,044	2,044
John Wall	0	0	0	0	0	0
Sharon Feeney	0	1,233	1,233	0	0	0
Tony Donohoe	7,695	0	7,695	7,695	220	7,915
Judith Eaton	7,695	17,274	24,969	7,695	10,527	18,222
Pól Ó Mórain	7,695	2,665	10,360	7,695	3,445	11,140
Darina Kneafsey	7,695	5,311	13,006	7,695	6,119	13,814
Síona Cahill	3,847	0	3,847	3,848	0	3,848
Lorna Fitzpatrick	3,848	0	3,848	0	0	0
IOMLÁN	73,530	38,632	112,162	73,531	35,841	109,372

Íoctar táillí na gcomhaltaí agus costais taistil agus cothaithe faoi réir rátaí atá leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is mar a leanas a cheadaítear táillí bliantúla do chomhaltaí an bhoird; Cathaoirleach €11,970, Gnáthchomhalta €7,695. Faoin bPrionsabal 'Aon Tuarastal Amháin d'Aon Duine Amháin', atá i bhfeidhm ón 1 Samhain 2011, ní íoctar táillí le comhalta a fhaigheann tuarastail eárnála poiblí. Íocadh táille pro-rata le comhaltaí a sheirbheáil ar feadh cuid den bhliain. D'fhéadfadh éilimh inchúitithe nó costais a íocadh thar cheann Comhalta a chuimsiú i gcostais.

19. Sochair Scoir

Tá rochtain ag comhaltaí foirne incháilithe de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas ar dhá scéim pinsin. De ghnáth tá comhaltaí de chuid na foirne a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí de scéim pinsin sochair shainithe faoi Alt 15 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971, a mhaoinítear gach bliain ar bhunús íoc-mar-a-úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Oideachas agus Scileanna agus ó ranníocaíochtaí a baineadh as tuarastail foirne. Tá na buntáistí ar a bhfuil áirimh FRS 102 bunaithe leagtha amach i gcáipéisí na scéime do:

- (a) Scéim Aoisliúntais Foirne ÚAO, 1980
- (b) Scéim Aoisliúntais Foirne (Leasú) ÚAO, 1993
- (c) Scéim Céilí agus Leanaí ÚAO, 1985, agus
- (d) Scéim Céilí agus Leanaí (Leasú) ÚAO, 1992

Tá scéim deonach AVC i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas chomh maith. Is í Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair ar leith do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012. Foráiltear sa scéim do phinsean agus do chnapshuim ar dul ar scor bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin le linn gairme chomh maith le pinsin céile agus leanaí. 66 bliain an t-íos-aois pinsin (ag ardú de réir athruithe ar aois pinsin an Stáit). Áirítear ann deis luathscoir ó aois 55 de réir laghdú achtúireach. Tagann ardú ar phinsin atá á n-íoc de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí.

Tá an luacháil a úsáidtear do nochtheadh FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach ag achtúire cáilithe neamhspleách agus ina nglactar san áireamh ceanglais FRS102 d'fhonn dhliteanais na scéime a mheas.

Ba mar seo a leanas a bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha a úsáideadh chun dliteanais an tsochair scoir faoi FRS102 a ríomh:

	Amhail an 31/12/2019	Amhail an 31/12/2018
Ráta Lascaine	1.25%	2.00%
Ráta ar Ardú Tuarastail Ionchais	2.50%	2.75%
Ráta Ardaithe ar Íocaíocht Pinsin	2.00%	2.25%
Boilsciú	1.50%	1.75%

Tá na boinn tuisceana dhéimeagrafacha, i.e. rátaí básmháireachta le linn seirbhíse agus le linn scoir agus táblaí caighdeánacha curtha i bhfeidhm ar bhoinn tuisceana achtúireacha scéimeanna cosúil leo san earnáil phoiblí. Is léargas é seo ar threochtaí reatha d'feabhsuithe maidir le básmháireacht agus an ionchas ginearálta atá ann go leanfadh den treocht seo faoi cheann tamaill.

		Ionchas saoil intuigthe duine atá 65 bliain d'aois	
		2019	2018
I ndiaidh éirí as - pinsinéirí reatha	Fir	21.4	22.0
	Mná	23.9	24.6
I ndiaidh éirí as - pinsinéirí amach anseo	Fir	22.7	23.0
	Mná	25.0	25.5

a. Maoiniú larchurtha do Shochair Scoir

	2019 €'000	2018 €'000
Maoiniú in-aisghabhála maidir leis an bhliain reatha	1,828	1,583
Deontas Stáit curtha i bhfeidhm chun pinsinéirí a íoc	(532)	(477)
	1,296	1,106

b. Costais i leith Sochair Scoir

	2019 €'000	2018 €'000
Costas seirbhíse reatha	1,230	1,053
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin	598	530
Íocaíochtaí Cnapshuime	37	
Ranníocaíochtaí fostaithe	(225)	(171)
	<u>1,640</u>	<u>1,412</u>

c. Maoiniú larchurtha do Shochair Scoi

Aithníonn tÚdarás um Ard-Oideachas na méideanna sin mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin atá bunaithe ar an tsraith de bhonn tuisceana a ndéantar cuir síos uirthi thuas chomh maith le roinnt imeachtaí san am a caitheadh. Áirítear ar an himeachtaí sin an bonn reachtúil do bhunú na scéime pinsin agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmeálta ann leis na Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis na suimeanna ar leith seo, níl aon fhianaise ag an Údarás um Ard-Oideachas nach leanfar den bheartas maoinithe seo chun suimeanna dá leithéidí a shásamh de réir mar atá faoi láthair. Ba ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha i leith pinsean amhail an 31 Nollaig 2019 agus €34.0 milliún (2018: €30.1 milliún).

d. Anailís ar Chostais Iomlán Sochair Scoir a muirearaíodh chuig an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach

	2019 €'000	2018 €'000
Caillteanais ó thaithí ar dhliteanais Sochair Scoir	(562)	(751)
Athruithe ar na boinn tuisceana bunús luach reatha na nDliteanas Sochair Scoir	(1,973)	1,421
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Sochair Scoir	(2,535)	670

e. Gluaiseachtaí maidir le hOibleagáidí Sochair Scoir Glan

	2019 €'000	2018 €'000
Easnamh Scéime ag tús na bliana:	(30,138)	(29,702)
Costas Seirbhíse Reatha	(1,005)	(882)
Pinsin a íocadh sa bhliain	532	477
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin	(598)	(530)
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(225)	(171)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	(2,535)	670
Easnamh Scéime ag Deireadh na Bliana	<u>(33,969)</u>	<u>(30,138)</u>

f. Stair na nOibleagáidí Sochair Ar Leith

	2019	2018	2017
Gnóthachan agus (caillteanas) ó thaithí ar dhliteanais na scéime: Suim (€'000)	(562)	(751)	(1,368)
Céatadán de Dhliteanais Scéime	(1.7%)	(2.5%)	(4.6%)
Is é an méid a aithníodh sa Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach Suim (€'000)	(2,535)	670	(3,032)
Céatadán de Dhliteanais Scéime	(7.5%)	2.2%	(10.2%)

20. Cuntais Rialaithe Pinsin Ollscoile

Ba ionann glan-easnaimh na hollscoileanna ar a gcuid cuntais rialaithe pinsin amhail an 30 Meán Fómhair 2019 agus €55.2m (2018: €6.4m). Tá na heasnaimh seo comhdhéanta de bharrachas €70.7m (2018: €83m) ar na scéimeanna múnla agus pinsin aonair agus d'easnaimh €125.9m (2018: €89.4m) ar na scéimeanna pinsin dúnta.

Tá an ÚAO i mbun cainte leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun meicníocht chuí a aontú chun na glan-easnaimh seo a mhaoiniú.

21. Eachtraí i ndiaidh na Tréimhse Tuairiscithe

Níl aon eachtraí ann idir dáta tuairiscithe na ráitis airgeadais agus an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo a dteastaíonn coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais dá mbarr. Aithníonn an bord gur eachtra suntasach í paidéim COVID-19 a tharla i ndiaidh an dáta tuairiscithe. Tá an bord an-dáiríre faoin gcás agus tá sé i mbun monatóireacht a dhéanamh ar eachtraí, i gcomhar le bainistíocht ar bhonn leanúnach. Leanann an tÚdarás um Ard-Oideachas de bhearta a chur i bhfeidhm chun foireann a chosaint. Tá foireann ag obair ó chéin agus táthar ag tabhairt faoi gach gníomh riachtanach ar bhonn tráthúil. Táthar i mbun rannpháirtíochta gníomhaí leis an Roinn Oideachas agus Scileanna agus le hinstiúidí ardoideachais maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le COVID-19 dóibh.

Measann an Bord, ó tharla go gcuireann an t-eintiteas seirbhís phoiblí ar fail atá maoinithe le hairgead ón Státchiste, trína mháthair-roinn, an Roinn Oideachas agus Scileanna, é a bheith oiriúnach na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

22. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh Bord an Údaráis um Ard-Oideachas na ráitis airgeadais an 25 Meitheamh 2020.

Sceideal 1 Deontas Ioncaim

Deontas Ioncaim don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019

Deontais Oireachtais

AINM AN DEONTÓRA	AN CINEÁL DONTAIS	IARCHUR TOSAIGH 01-Ean-19	DEONTAS A FUARTHAS 2019	IARCHUR DEIRIDH 31-Noll-19	IONCAM AGUS CAITEACHAS 2019
		€'000	€'000	€'000	€'000
An Roinn Oideachais agus Scileanna	Ginearálta Vóta 26 C04 Aoisliúntas	0	1,004,955	0	1,004,955
	Vóta 26 C10.2	0	21,550	0	21,550
	Rochtain Vóta 26 C11	2,267	25,842	957	27,152
	Vóta Caipitil 26 C16	0	53,499	0	53,499
	Taighde Vóta 26 C12	7,196	47,600	4,087	50,709
	Ilchineálach Vóta 26 C15	0	25	0	25
	Riarachán Vóta 26 C03	0	7,782	0	7,782
	Dírithe ar Mhargadh Saothair NTF	0	120,100	0	120,100
	Printíseacht NTF	0	37,000	0	37,000
	NTF	6,862*	34,438	8,375	32,925
	Springboard+				
		16,325	1,352,791	13,419	1,355,697
An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta	Vóta um Thaighde Caipitil 32 B5	0	10,799	0	10,799
		16,325	1,363,590	13,419	1,366,496

Fuarthas suim €191.5m (2018: €99.1m) ón gCiste Náisiúnta Oiliúna i rith na bliana. Baineadh leas as na gcistí sin chun scileanna agus eolas daoine fostaithe agus neamhfhostaithe a neartú agus chun foghlaim a chur ar fáil d'fhonn na scileanna atá sa mhargadh saothair nó a bheidh sa mhargadh saothair atá de dhíth sa gheilleagar a shásamh lena n-áirítear printíseachtaí, oiliúint scileanna agus ardoideachas a dhíríonn ar fhiontar.

Deontais eile

AINM AN DEONTÓRA	AN CINEÁL DONTAIS	IARCHUR TOSAIGH 01-Ean-19	DEONTAS A FUARTHAS 2019	IARCHUR DEIRIDH 31-Noll-19	IONCAM AGUS CAITEACHAS 2019
		€'000	€'000	€'000	€'000
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Altranas	0	2,530	0	2,530
An Roinn Oideachais agus Scileanna	GOI agus EUFC	1,127*	1,277	1,322	1,082
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	LINC	0	1,536	0	1,536
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	Tionscnaimh Ghaeltachta	0	1,532	0	1,532
EU	Erasmus+	7,524	10,723	3,715	14,532
		<u>8,651</u>	<u>17,598</u>	<u>5,037</u>	<u>21,212</u>

*Tá laghdú €27k déanta ar an iarchur tosaigh do Springboard agus ardú comhfhreagrach déanta ar iarchur tosaigh scéimeanna GOI.



An tÚdarás um Ard-Oideachas

3 Áras Síol mBrain
Ascaill Crampton
Bóthar Síol mBrain
Baile Átha Cliath 4
D04 C2Y6

Teagmháil

Fón: +353 1 231 7100
Uimhir Lo-Call: 1890 200 637
Facs: +353 1 231 7172
R-phost: info@hea.ie